Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
21 808 000	21 808 000	21 808 000	21 808 000	21 686 000

Mír 20 02 03 01 — Foireann ar conradh

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
941 000	941 000	941 000	941 000	924 000

Airteagal 20 02 04 — An costas a bhaineann le cúrsaí oiliúna le haghaidh céimithe a eagrú leis an institiúid

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
13 900 000	13 900 000	13 900 000	13 900 000	13 700 000

Airteagal 20 02 05 — Comhairleoirí speisialta

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
1 728 000	1 728 000	1 728 000	1 728 000	1 710 000

Airteagal 20 10 01 — Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
3 200 000	p.m.	3 200 000	3 200 000	3 200 000

Airteagal 21 01 01 — Pinsin agus liúntais

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
2 995 843 000	2 995 843 000	2 995 843 000	2 995 843 000	2 934 716 000

Mír 21 01 02 01 — Pinsin iar-Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
24 257 000	24 257 000	24 257 000	24 257 000	23 785 000

Mír 21 01 02 02 — Pinsin iar-Uachtaráin na Comhairle Eorpaí agus iar-Ardrúnaithe Chomhairle an Aontais Eorpaigh

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
821 000	821 000	821 000	821 000	805 000

Mír 21 01 02 03 — Pinsin iar-Chomhaltaí an Choimisiúin

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
14 289 000	14 289 000	14 289 000	14 289 000	14 010 000

Mír 21 01 02 04 — Pinsin iar-Chomhaltaí Chúirt Bhreithúnais an Aontais Eorpaigh

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
21 132 000	21 132 000	21 132 000	21 132 000	20 722 000

Mír 21 01 02 05 — Pinsin iar-Chomhaltaí na Cúirte Iniúcháirí

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
8 386 000	8 386 000	8 386 000	8 386 000	8 222 000

Mír 21 01 02 06 — Pinsin na n-iar-Ombudsman Eorpach

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
320 000	320 000	320 000	320 000	313 000

Mír 21 01 02 07 — Pinsin iar-Mhaoirseoirí Eorpacha ar Chosaint Sonraí

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
400 000	400 000	400 000	400 000	394 000

Mír 21 02 01 01 — Oifig Ardrúnaí na Scoileanna Eorpacha (an Bhrúiséal)

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
18 658 217	18 658 217	18 658 217	18 658 217	18 603 690

Mír 21 02 01 02 — An Bhrúiséal I (Uccle)

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
50 074 677	50 074 677	50 074 677	50 074 677	48 794 818

Mír 21 02 01 03 — An Bhrúiséal II (Woluwe)

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
43 910 339	43 910 339	43 910 339	43 910 339	42 866 655

Mír 21 02 01 04 — An Bhrúiséal III (Ixelles)

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
36 979 862	36 979 862	36 979 862	36 979 862	36 046 764

Mír 21 02 01 05 — An Bhrúiséal IV (Laeken)

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
35 501 500	35 501 500	35 501 500	35 501 500	34 562 938

Mír 21 02 01 06 — Lucsamburg I

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
25 789 995	25 789 995	25 789 995	25 789 995	25 083 629

Mír 21 02 01 07 — Lucsamburg II

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
16 744 841	16 744 841	16 744 841	16 744 841	16 223 379

Mír 21 02 01 08 — Mol (BE)

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
11 831 023	11 831 023	11 831 023	11 831 023	11 511 347

Mír 21 02 01 09 — Frankfurt am Main (DE)

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
8 973 151	8 973 151	8 973 151	8 973 151	8 706 543

Mír 21 02 01 10 — Karlsruhe (DE)

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
7 605 891	7 605 891	7 605 891	7 605 891	7 252 166

Mír 21 02 01 11 — München (DE)

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
645 945	645 945	645 945	645 945	630 788

Mír 21 02 01 12 — Alicante (ES)

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
1 703 986	1 703 986	1 703 986	1 703 986	1 650 153

Mír 21 02 01 13 — Varese (IT)

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
14 227 750	14 227 750	14 227 750	14 227 750	13 769 743

Mír 21 02 01 14 — Bergen (NL)

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
5 013 500	5 013 500	5 013 500	5 013 500	4 883 939

Airteagal 30 01 01 — Cúlchiste riaracháin

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
117 886 642	114 122 328	117 886 642	117 886 642	17 657 000

Barúlacha:

Is de chineál iomlán sealadach iad na leithreasuithe a iontráiltear san airteagal seo agus ní fhéadfar iad a úsáid ach amháin tar éis iad a aistriú chuig líne bhuiséid eile i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

Is mar seo a leanas atá an miondealú:

1.	Airteagal	10 01 01	Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF)	900 000
2.	Airteagal	13 01 06	Caiteachas tacaíochta don Chlár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta	14 757 000
3.	Airteagal	13 01 07	Caiteachas tacaíochta le haghaidh na hIonstraime um Thacaíocht don Úcráin	2 000 000
Iomlán				17 657 000

Bunús dlí:

Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj>).

Airteagal 30 02 02 — Leithreasuithe difreálaithe

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
955 988 595	256 374 179	955 988 595	256 374 179	955 988 595	256 374 179	952 963 595	253 349 179	759 384 325	203 997 325

Barúlacha:

Tá sé beartaithe gan na leithreasuithe faoin teideal seo a úsáid ach amháin in dhá chás: (a) i gcás nach ann d'aon bhunghníomh le haghaidh na gníomhaíochta lena mbaineann agus an buiséad á bhunú; agus (b) i gcás ina mbeidh forais láidre amhrais ann faoi leordhóthanacht na leithreasuithe nó faoin bhféidearthacht go gcuirfear chun feidhme, faoi choinníollacha atá comhsheasmhach le bainistíocht fhóna airgeadais, na leithreasuithe a iontráiltear sna línte buiséid lena mbaineann. Ní fhéadfar na leithreasuithe a iontráiltear san airteagal seo a úsáid ach amháin tar éis iad a aistriú i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 30 den Rialachán Airgeadais maidir le cásanna faoi phointe (a) agus in Airteagal 31 den Rialachán Airgeadais maidir le cásanna faoi phointe (b).

Is mar a leanas an miondealú (gealltanais, íocaíochtaí):

1.	Airteagal	03 10 03	An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC)	231 000	231 000
2.	Airteagal	03 10 04	An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA)	410 000	410 000
3.	Airteagal	03 10 06	Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh	928 000	928 000
4.	Airteagal	06 10 02	An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia	830 000	287 000
5.	Mír	06 10 03 01	Rannchuidiú an Aontais leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach	651 000	651 000
6.	Mír	06 10 03 02	Ranníocaíocht speisialta le haghaidh táirgí íocshláinte dilleachtacha	1 172 000	1 172 000
7.	Airteagal	08 05 01	Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta ag soithí iascaireachta an Aontais in uisce tríú tíortha	114 190 000	85 890 000
8.	Airteagal	09 10 01	An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán – Treoracha comhshaoil agus coimbhinsiúin idirnáisiúnta	11 407 115	11 407 115
9.	Airteagal	09 10 02	An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil	5 388 210	5 388 210
10.	Airteagal	12 10 01	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)	19 678 000	19 678 000
11.	Airteagal	13 08 01	An Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach	456 499 000	58 869 212
12.	Airteagal	13 08 02	An Ionstraim um Thacaíocht don Úcráin	148 000 000	19 085 788
Iomlán				759 384 325	203 997 325

Bunús dlí:

Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj>).

S 03 01 20 — An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)

Grúpa feidhme agus grád	An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)			
	2026		2025	
	Arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais		Arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais	
	Poist bhuana	Poist shealadacha	Poist bhuana	Poist shealadacha
AD 16				
AD 15		1		1
AD 14		12		10
AD 13		22		18
AD 12		40		40
AD 11		45		39
AD 10		87		68
AD 9		202		205
AD 8		435		418
AD 7		118		65
AD 6		39		24
AD 5		1		
<i>AD Fo-iomlán</i>		<i>1 002</i>		<i>888</i>
AST 11				
AST 10		2		2
AST 9		12		8
AST 8		12		15
AST 7		6		5
AST 6		26		20
AST 5		558		494
AST 4		408		355
AST 3				
AST 2				
AST 1				
<i>AST Fo-iomlán</i>		<i>1 024</i>		<i>899</i>
AST/SC 6				
AST/SC 5				
AST/SC 4				
AST/SC 3				
AST/SC 2				
AST/SC 1				
<i>AST/SC Fo-iomlán</i>				
Iomlán		2 026		1 787
Comhiomlán		2 026		1 787

S 03 01 21 — Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)

Grúpa feidhme agus grád	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)			
	2026		2025	
	Arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais		Arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais	
	Poist bhuana	Poist shealadacha	Poist bhuana	Poist shealadacha
AD 16		1		1
AD 15		3		2
AD 14		1		1
AD 13		2		4
AD 12		11		11
AD 11		16		15
AD 10		35		29
AD 9		72		62
AD 8		148		133
AD 7		259		246
AD 6		231		242
AD 5		7		22
<i>AD Fo-iomlán</i>		<i>786</i>		<i>768</i>
AST 11				
AST 10				
AST 9				
AST 8		2		1
AST 7		3		3
AST 6		5		6
AST 5		3		2
AST 4		3		3
AST 3		3		4
AST 2		4		4
AST 1				
<i>AST Fo-iomlán</i>		<i>23</i>		<i>23</i>
AST/SC 6				
AST/SC 5				
AST/SC 4				
AST/SC 3				
AST/SC 2				
AST/SC 1				
<i>AST/SC Fo-iomlán</i>				
Iomlán		809		791
Comhiomlán		809		791

S 03 01 27 — An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

Grúpa feidhme agus grád	An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)			
	2026		2025	
	Arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais		Arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais	
	Poist bhuana	Poist shealadacha	Poist bhuana	Poist shealadacha
AD 16				
AD 15		1		
AD 14				1
AD 13		1		1
AD 12				
AD 11		3		4
AD 10		1		
AD 9		5		4
AD 8		5		4
AD 7		5		5
AD 6		1		3
AD 5				
<i>AD Fo-iomlán</i>		22		22
AST 11				
AST 10				
AST 9		1		1
AST 8		2		
AST 7		2		4
AST 6		1		1
AST 5				
AST 4				
AST 3				
AST 2				
AST 1				
<i>AST Fo-iomlán</i>		6		6
AST/SC 6				
AST/SC 5				
AST/SC 4				
AST/SC 3				
AST/SC 2				
AST/SC 1				
<i>AST/SC Fo-iomlán</i>				
Iomlán		28		28
Comhiomlán	28		28	

S 03 01 31 — Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)

Grúpa feidhme agus grád	Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)			
	2026		2025	
	Arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais		Arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais	
	Poist bhuana	Poist shealadacha	Poist bhuana	Poist shealadacha
AD 16				
AD 15		1		1
AD 14		1		1
AD 13		25		25
AD 12		3		3
AD 11		6		2
AD 10		9		9
AD 9		10		8
AD 8		29		20
AD 7		38		45
AD 6		31		37
AD 5		10		12
<i>AD Fo-iomlán</i>		<i>163</i>		<i>163</i>
AST 11				
AST 10				
AST 9		1		1
AST 8		1		1
AST 7		1		
AST 6		4		3
AST 5		23		13
AST 4		25		33
AST 3		13		17
AST 2				
AST 1				
<i>AST Fo-iomlán</i>		<i>68</i>		<i>68</i>
AST/SC 6				
AST/SC 5				
AST/SC 4		1		
AST/SC 3		1		1
AST/SC 2		2		3
AST/SC 1				
<i>AST/SC Fo-iomlán</i>		<i>4</i>		<i>4</i>
Iomlán		235		235
Comhiomlán		235		235

S 03 02 02 — An Lárionad Eorpach Inniúlachta um Thionsclaíocht, Teicneolaíocht agus Taighde Cibearshlándála (ECCC)

Grúpa feidhme agus grád	An Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála (ECCC)			
	2026		2025	
	Arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais		Arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais	
	Poist bhuana	Poist shealadacha	Poist bhuana	Poist shealadacha
AD 16				
AD 15				
AD 14		1		1
AD 13				
AD 12		2		2
AD 11		2		2
AD 10				
AD 9		1		
AD 8		3		3
AD 7		2		2
AD 6				
AD 5				
<i>AD Fo-iomlán</i>		<i>11</i>		<i>10</i>
AST 11				
AST 10				
AST 9				
AST 8				
AST 7				
AST 6				
AST 5		1		
AST 4				
AST 3				
AST 2				
AST 1				
<i>AST Fo-iomlán</i>		<i>1</i>		
AST/SC 6				
AST/SC 5				
AST/SC 4				
AST/SC 3				
AST/SC 2				
AST/SC 1				
<i>AST/SC Fo-iomlán</i>				
Iomlán		12		10
Comhiomlán	12		10	

S 03 04 03 — An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digiú (HADEA)

Grúpa feidhme agus grád	An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digiú (HADEA)			
	2026		2025	
	Arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais		Arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais	
	Poist bhuana	Poist shealadacha	Poist bhuana	Poist shealadacha
AD 16				
AD 15		1		
AD 14		11		11
AD 13		6		7
AD 12		16		13
AD 11		5		11
AD 10		12		8
AD 9		7		14
AD 8		10		11
AD 7		10		21
AD 6		29		2
AD 5		11		19
<i>AD Fo-iomlán</i>		<i>118</i>		<i>117</i>
AST 11		2		2
AST 10				
AST 9		1		1
AST 8		1		
AST 7		1		2
AST 6				
AST 5		2		2
AST 4				
AST 3				
AST 2				
AST 1				
<i>AST Fo-iomlán</i>		<i>7</i>		<i>7</i>
AST/SC 6				
AST/SC 5				
AST/SC 4				
AST/SC 3				
AST/SC 2				
AST/SC 1				
<i>AST/SC Fo-iomlán</i>				
Iomlán		125		124
Comhiomlán[1]		125		124

(1)Áirítear leis na poist sa phlean bunáochta 16 phost in 2025 agus 11 phost in 2024 arna maoiniú ó lasmuigh de NGEU agus ó chláir lasmuigh de bhuiséad an Aontais.

Mír O1 01 01 01 — Luach saothair agus liúntais

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
79 484 080	79 484 080	79 484 080	79 484 080	77 943 080

Mír O1 01 01 02 — Costais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
436 000	436 000	436 000	436 000	429 000

Airteagal O1 01 02 — Pearsanra seachtrach

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
2 936 000	2 936 000	2 936 000	2 936 000	2 901 000

Mír O2 01 01 01 — Luach saothair agus liúntais

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
15 336 224	15 336 224	15 336 224	15 336 224	15 035 224

Airteagal O2 01 02 — Pearsanra seachtrach

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
1 752 000	1 752 000	1 752 000	1 752 000	1 726 000

Mír O3 01 01 01 — Luach saothair agus liúntais

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
18 610 200	18 610 200	18 610 200	18 610 200	18 182 200

Mír O3 01 01 02 — Costais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
115 000	115 000	115 000	115 000	113 000

Airteagal O3 01 02 — Pearsanra seachtrach

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
25 437 536	25 437 536	25 437 536	25 437 536	24 807 536

Mír O4 01 01 01 — Luach saothair agus liúntais

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
39 352 000	39 352 000	39 352 000	39 352 000	38 562 000

Mír O4 01 01 02 — Costais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
163 000	163 000	163 000	163 000	161 000

Mír O4 01 02 01 — Pearsanra seachtrach — OIB

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
34 860 000	34 860 000	34 860 000	34 860 000	34 077 000

Mír O4 01 02 02 — Pearsanra Seachtrach — Saoráidí cúraim leanaí

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
13 868 000	13 868 000	13 868 000	13 868 000	13 478 000

Mír O5 01 01 01 — Luach saothair agus liúntais

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
13 335 088	13 335 088	13 335 088	13 335 088	13 078 088

Mír O5 01 01 02 — Costais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
91 000	91 000	91 000	91 000	90 000

Mír O5 01 02 01 — Pearsanra seachtrach — OIL

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
10 818 336	10 818 336	10 818 336	10 818 336	10 624 336

Mír O5 01 02 02 — Pearsanra Seachtrach — Saoráidí cúraim leanaí

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
3 606 000	3 606 000	3 606 000	3 606 000	3 569 000

Mír O6 01 01 01 — Luach saothair agus liúntais

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
53 692 224	53 692 224	53 692 224	53 692 224	52 646 224

Mír O6 01 01 02 — Costais agus liúntais a bhaineann le hearcú, aistrithe agus foirceannadh seirbhíse

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
181 000	181 000	181 000	181 000	179 000

Airteagal O6 01 02 — Pearsanra seachtrach

Dréachtbhuiséad 2026	Seasamh na Comhairle 2026	Seasamh PE 2026	Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026	Idir-réiteach 2026
3 376 000	3 376 000	3 376 000	3 376 000	3 359 000

Mír PP 01 25 01 — Treoirhionscadal — Meastóireacht ar fhaireachán ar thriomach agus ar athchóiriú nádúrtha ithreacha agus screamhuisce

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
p.m.	500 000	p.m.	500 000	1 000 000	1 000 000	p.m.	500 000	1 000 000	750 000

Barúlacha:

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirhionscadal.

Is é is aidhm don treoirhionscadal seo:

- staidéar a dhéanamh ar nósanna imeachta agus iad a bhunú chun faireachán, ullmhú agus rialú a dhéanamh ar iarmhairtí triomaigh ar tháirgiúlacht na hithreach, ar bhearta le haghaidh athchóiriú nádúrtha agus athléimneacht uisce agus ar mhaolú na n-éifeachtaí sin.
- déanfar comparáid idir an taithí atá ann cheana, cuirfear modhanna éagsúla i bhfeidhm go turgnamhach i 3 chás-staidéar éagsúla ar a laghad agus forbrófar treoirleabhar dea-chleachtais a chuirfear ar fáil do na Ballstáit.

Mír PP 01 25 02 — Treoirhionscadal — Mol HAB: Córas Faireacháin neas-fhíorama um Blás Algach Díobhálach in Uisce na hEorpa

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
p.m.	875 000	p.m.	875 000	250 000	1 000 000	p.m.	875 000	250 000	937 500

Barúlacha:

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo córas a fhorbairt, a chomhtháthaíonn tacair sonraí agus seirbhísí Eorpacha atá ann cheana agus a cheadaíonn tuar agus monatóireacht neas-fhíorama ar bhlás algach díobhálach (HABanna) i dtimpeallachtaí uisceacha.

Le modúl bainistíochta sonraí agus líonra ríomhaireachta dailte, is féidir sonraí a phróiseáil go héifeachtúil, rud lena n-áiríthítear comhtháthú uathoibríoch sonraí ábhartha ó bhunachair sonraí atá ann cheana, e.g. LEE, EMODnet, agus ó sheirbhísí e.g. CMEMS, C3S. Ina theannta sin, ceadóidh an córas tomhais in situ a chomhshamhlú.

Le hanailís sonraí, modúl tuartha agus algartaim bhraite aimhrialtachta mar aon le réitigh mheaisínfhoghlama, is féidir HABanna a bhrath i neas-fhíoram agus tuar tapa a dhéanamh ar a n-éabhlóid spásúlachta agus ama.

D'fhéadfadh iarrachtaí breise T&F díriú ar réitigh nuálacha bailithe sonraí agus faireacháin HAB. A bhfuil le huirlisí IS-bhunaithe, is féidir réigiúin a bhfuil ard-neamhchinnteacht tuartha ag baint leo a shainnint, agus ba cheart tosaíocht a thabhairt do na réigiúin sin ó thaobh faireachán a dhéanamh orthu. Tacaíonn ionchorprú feithiclí agus braiteoirí gan foireann laistigh den chóras leis an bpróiseas tuartha agus leis an mbailíochtú trí íomhánna ardaifigh agus tomhais in situ ardmhínicíochta a sholáthar, faoi seach.

Táthar ag súil go mbeidh Leibhéal 4 na hUllmhachta Teicneolaí (LUT 4) ag an gcóras agus déanfar measúnú air trí chumais thuarthacha agus anailíseacha an chórais a léiriú i mód cúlghabhálach. Ina dhiaidh sin, déanfar feidhmíocht an chórais a thástáil le linn tréimhse 6 mhí i dtimpeallacht ábhartha i réigiúin a roghnófar laistigh de na Ballstáit, agus é mar aidhm ann LUT 6 a bhaint amach.

Sa bhreis ar an méid a rinneadh i gCéim 1 HAB-Hub, cuirfidh Céim 2 HAB-Hub feidhmiúlachtaí nua leis agus, ar deireadh, leathnófar é chun limistéir a ndearnadh faireachán breise orthu a chur san áireamh, go háirithe iad siúd a bhfuil saintréithe eile acu. Is é is aidhm don tionscadal coincheapa nua

a thástáil agus iad a fhíorú sa chéim phiolótach. Go háirithe, ba cheart na cúraimí seo a leanas a chur i gcrích sa tionscadal:

- Athruithe a thuar agus a ionsamhlú. Cur chun feidhme forbartha algartam IS.
- Anailís fhairsing (lena n-áirítear anailís staidrimh). Is é an aidhm atá ann réimsí a d’fhéadfadh a bheith i mbaol a shainaithint agus limistéir a léiriú chun sonraí breise a fháil (tomhais).
- Córas foláirimh. Luathrabhadh i dtaobh guaiseacha.
- Córas um shainaithint luath na mbagairt a d’fhéadfadh a bheith ann — i réimsí lena mbaineann riosca méadaithe. Is éard atá i gceist leis sin faireachán speisialta a dhéanamh ar na réimsí sin, réitigh uathoibríocha agus réitigh láimhe araon a chur chun feidhme le haghaidh cinn bhreise, lena n-áirítear ‘ar éileamh’, agus fáil sonraí (e.g. trí úsáid a bhaint as dróin, róbait).
- Faireachán agus anailís a dhéanamh ar uiscí beaga (aibhneacha, lochanna)
- Sásraí soláthair sonraí á n-ullmhú ag na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear oibríthe deonacha (eolaíocht na saoránach)
- Cartlann a chruthú a bheidh ar fáil do gach institiúid agus saoránach a bhfuil spéis acu ann.

Airteagal PP 02 26 — 2026

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				6 020 000	3 010 000			6 020 000	1 505 000

Mír PP 02 26 01 — Treoirhionscadal — Measúnú a dhéanamh ar Bhearnaí Dlí a d’fhéadfadh a bheith ann faoi UNCLOS agus creataí Idirnáisiúnta agus creataí eile de chuid an Aontais, in Uiscí Bhallstáit an Aontais agus timpeall orthu chun Leasanna Straitéiseacha Muirí an Aontais a fheabhsú

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				120 000	60 000			120 000	30 000

Barúlacha:

CUSPÓIR:

Bearnaí rialachais a shainaithint agus a mheasúnú in uiscí mórtimpeall an Aontais, trí anailís dhlíthiúil chuimsitheach de chuid an Aontais lena gcuirtear san áireamh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) agus creataí dlíthiúla ábhartha eile, treoir, dlí-eolaíocht, agus dea-chleachtais maidir le cearta agus oibleagáidí, lena n-áirítear teorainneacha a d’fhéadfadh a bheith ann do Bhallstáit an Aontais mar Stáit chósta agus/nó Stáit chalafoirt i ndáil le Stáit bhrataí. Áireofar leis an toradh achoimre dhlíthiúil agus moltaí.

CÚLRA AGUS RÉASÚNAÍOCHT:

Tá an t-iompar muirí agus an trácht muirí ríthábhachtach don Aontas, mar mhodh neamhspleách iompair agus don trádáil araon: is ar muir a iompraítear os cionn 80 % d’allmhairí agus d’onnmhairí earraí an Aontais. Tá ról níos straitéisí aici maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, soghluaisteacht mhíleata, agus slándáil agus athléimneacht slabhraí soláthair.

I bhfianaise a chineáil idirnáisiúnta, is leis an dlí idirnáisiúnta go príomha a rialaítear an t-iompar muirí. Mar sin féin, léirigh an comhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair i réigiúin éagsúla ar domhan go bhféadfadh bearnaí rialachais a bheith ann, go háirithe maidir le cothromaíocht na gceart agus na n-oibleagáidí dlíthiúla atá ar Stáit bhrataí, Stáit chalafoirt agus Stáit chósta faoi UNCLOS. Leis na bearnaí sin caitear amhras ar éifeachtacht na sásraí forfheidhmiúcháin atá ann cheana chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí suntasacha amhail gníomhaíochtaí muirí nó trádála neamhdhleathacha

(e.g. imchéimniú smachtbhannaí), mí-úsáid phrionsabal na gluaiseachta neamhurchóidí agus teannas geopholaitiúil níos leithne.

Príomhbhagairt atá ag teacht chun cinn is ea láithreacht mhéadaitheach an chabhlaigh ‘dhorcha’ nó ‘scáthchabhlaigh’, mar a thugtar air, rud a mhéadaíonn rioscaí sábháilteachta muirí. Cuireann gníomhartha sabaitéireachta i gcoinne bonneagar criticiúil béim bhreise ar an ngá atá le creataí rialachais níos láidre agus le hacmhainneacht forfheidhmiúcháin níos láidre. Is é is aidhm don tionscnamh seo measúnú a dhéanamh agus bearta dlíthiúla a mholadh chun an tsábháilteacht mhuirí, an tslándáil mhuirí agus leas straitéiseach an Aontais a neartú, trí fhaireachán, faireachas, comhlíonadh, forfheidhmiú agus comhroinnt faisnéise a fheabhsú ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Tacaíonn an **treoirthionscadal** seo le sainordú AS MOVE feabhas a chur ar an tsábháilteacht mhuirí, ar an tslándáil mhuirí, ar an inbhuanaitheacht mhuirí agus ar an bhfeasacht staide ar muir. Díreann leis ar bhearnaí dlíthiúla agus oibríochtúla a shainaitheint a dhéanann difear d’acmhainneacht an Aontais faireachán, measúnú, forfheidhmiú agus freagairt do bhagairtí muirí, go háirithe in uiscí idirnáisiúnta mórthimpeall an Aontais. Agus forbairt á déanamh ar uirlisí atá ann cheana amháil Treoir 2002/59/CE maidir le córais faireacháin agus faisnéise um thrácht ártach (Treoir VTMIS), scrúdófar leis an tionscadal conas a d’fhéadfaí sásraí rialála, comhroinnte faisnéise agus comhair níos leithne a oiriúnú nó a leathnú chun maoirseacht mhuirí, forfheidhmiú agus freagairtí comhordaithe an Aontais ar dhúshláin gheopholaitiúla agus slándála atá ag teacht chun cinn a chumasú.

RAON FEIDHME AN TIONSCADAIL:

1. Bearnaí Rialachais a **Mhapáil**:

— Príomhbhearnaí dlíthiúla, institiúideacha agus oibríochtúla a shainaitheint i rialachas na n-uiscí mórthimpeall an Aontais, ag díriú ar UNCLOS, in éineacht le dlí agus ionstraimí an Aontais atá ann cheana chomh maith le coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha.

— Anailís a dhéanamh ar fhorálacha ábhartha UNCLOS agus ar chreataí eile is infheidhme chun cearta agus oibleagáidí dlíthiúla an Aontais agus a Bhallstát a chinneadh mar Stáit chósta agus/nó Stáit chalafoirt laistigh de limistéir mhuirí éagsúla, go háirithe i ndáil le Stáit bhreacha neamhchomhlíontacha nó mímhacántachta.

— Scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí agus na srianta dlíthiúla atá ann don Aontas agus dá Bhallstáit gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh, lena n-áirítear i gcoinne gníomhaithe neamhchomhlíontacha a oibríonn lasmuigh de dhlínse an Aontais.

2. Plean Gníomhaíochta Dlí de chuid an Aontais a fhorbairt:

— Measúnú a dhéanamh ar na bearnaí rialachais thuasluaite agus roghanna agus moltaí dlíthiúla a mholadh chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear comhsheasmhacht le UNCLOS agus le creataí dlíthiúla ábhartha eile idirnáisiúnta agus de chuid an Aontais, agus dea-chleachtais ó na Ballstáit agus ó chomhlachtaí idirnáisiúnta a mheas.

— Sásraí a shainaitheint chun an creat dlíthiúil a neartú lena dtacaítear le comhordú agus forfheidhmiú ar leibhéal an Aontais in uiscí idirnáisiúnta, lena n-áirítear faireachas muirí feabhsaithe, comhroinnt faisnéise, bearta trédhearcachta agus sásraí le haghaidh fhreagairt chomhordaithe an Aontais.

Mír PP 02 26 02 — Treoirthionscadal — Deireadh a chur leis an mbacainn teanga chun go mbeadh oibríochtaí iarnróid trasteorann rianúil ann

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				1 900 000	950 000			1 900 000	475 000

Barúlacha:

D’ainneoin an dul chun cinn atá déanta maidir leis an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid a bhunú, tá constaicí maorlathacha fós ann ar leibhéal éagsúla, rud a chuireann bac ar acmhainneacht iomlán agus ar éifeachtúlacht iomlán an iompair d’iarnród. Fágann na bacainní sin go bhfuil oibríochtaí traenach trasteorann níos casta do sheirbhísí lasta agus paisinéirí araon ná mar a bhíonn i modhanna iompair eile.

Dúshlán mór is ea an ceanglas atá ar thiománaithe traenach inniúlacht ar leibhéal B1 ar a laghad a léiriú i dteangacha na dtíortha ina bhfuil siad ag oibriú. Fágann sé sin go mbíonn oibríochtaí trasteorann rianúla níos casta agus is minic a bhíonn stadanna breise ag teorainneacha mar thoradh air sin chun tiománaithe traenach a athrú.

Ar an gcúis sin, is é is aidhm don Treoirhionscadal seo tacú le forbairt agus tástáil uirlisí teanga uile-Eorpacha — go háirithe teicneolaíochtaí atá bunaithe ar an intleacht shaorga — chun deireadh a chur le bacainní teanga. Is é is cuspóir don uirlis seo cumarsáid oibriúcháin idir tiománaithe traenach agus treoraithe tráchta a éascú, agus ar an gcaoi sin éifeachtúlacht in oibríochtaí iarnróid trasteorann a fheabhsú.

Ina theannta sin, leis an Treoirhionscadal seo, molfar ceanglais maidir le réitigh dhigiteacha a thacaíonn leis an gcumarsáid idir tiománaithe agus treoraithe tráchta. Féadfaidh an tionscadal seo tacú freisin le réitigh dhigiteacha le haghaidh cumarsáid idir oibreoirí (IM-IM, IM-RU, RU-RU) i gcomhréir leis na Sonraíochtaí Teicniúla maidir le hIdir-inoibritheacht le haghaidh Feidhmchláir Theileamaitice (TAP agus STI TAF), a gcuirfear STI Theileamaitice ina n-ionad ar deireadh.

Is é an tAontas ina iomláine an raon feidhme atá beartaithe, lena ndírítear ar iarnróid trasteorann a nascann tíortha a bhfuil ceanglais teanga éagsúla acu. Leis an tionscadal seo, tacófar le forbairt agus cur chun feidhme tionscadal bonneagair iarnróid trasteorann TEN-T, amhail tionscadal suaitheanta Bhuntollán Brenner, atá beartaithe le hoscailt in 2032, lena nasctar an Ostair agus an Iodáil le chéile.

Cuirfear tús leis an tionscadal le measúnú cuimsitheach ar na riachtanais, na héilimh agus na dúshláin atá os comhair na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile maidir le seirbhísí iarnróid paisinéirí agus lasta araon agus bunófar liosta mionsonraithe saincheisteanna, a scrúdófar ansin chun réitigh éifeachtacha a shainaithint agus a fhorbairt lena dtabharfar aghaidh ar an mbacainn teanga agus ar an easpa córais ateangaireachta atá comhoiriúnach le STI maidir le cumarsáid oibriúcháin. Úsáidfear an creat comhchoiteann sin chun réitigh chumarsáide digití nua a thástáil i bhfíor-oibríochtaí iarnróid trasteorann, b’fhéidir ar an mbealach idir München agus Verona trí Brenner. Chun cuidiú le feabhas a chur ar oibríochtaí iarnróid ar fud na hEorpa, déanfar an modh agus na torthaí tástála a dhoiciméadú go soiléir. Thar aon ní eile, breithneofar sa Treoirhionscadal torthaí chlár teanga Rail Net Europe agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le cumarsáid dhigiteach in oibríochtaí iarnróid.

Is é sprioc uileghabhálach an Treoirhionscadail seo rannchuidiú le Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid gan teorainneacha a bhaint amach. Ba cheart an Treoirhionscadal seo a bheith ina shamhail chun idir-inoibritheacht san iompar d’iarnród a fheabhsú trí aghaidh a thabhairt ar cheann de na dúshláin is seasmhaí: an bhacainn teanga in oibríochtaí trasteorann. Is é is aidhm dó cur chun feidhme níos leithne na cumarsáide oibríochtúla digití a chumasú ar fud an Aontais agus gréasán iarnróid níos comhtháite a chothú.

Mír PP 02 26 03 — Treoirhionscadal — Sásra um Fhaireachas Comhtháite: Moil Cáblaí réigiúnacha

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				4 000 000	2 000 000			4 000 000	1 000 000

Barúlacha:

Nascann cáblaí cumarsáide roinnt Ballstát lena chéile, nascann siad oileáin le mórtáir an Aontais, agus nascann siad an tAontas leis an gcuid eile den domhan, lena n-íompraítear 99 % den trácht idirlín idir-ilchríochach. Déanann cáblaí leictreachais fómhuirí comhtháthú mhargáí leictreachais na mBallstát a éascú, slándáil a soláthair a neartú, agus fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a sheachadadh chuig an mórtáir.

Tá ábhair inní ann atá ag dul i méid i measc rialtais na hEorpa maidir leis na teagmhais a dhéanann difear do cháblaí fómhuirí. Tá an Eoraip san airdeall faoi láthair tar éis sraith éaradh ar cháblaí agus ar phíblínte. I mí Feabhra 2025, thug an tUachtarán von der Leyen an Teachtaireacht Chomhpháirteach isteach chun slándáil agus athléimneacht cáblaí fómhuirí a neartú. Is é an príomhtheachttaireacht nach mór slándáil bhonneagar cáblaí fómhuirí an Aontais a fheabhsú go suntasach. Cuirtear gníomhaíochtaí láidre i láthair sa Teachtaireacht Chomhpháirteach i gcur chuige timthrialla athléimneachta iomláin: cosc, brath, freagairt agus deisiú, agus díspregadh.

San Aontas sa lá atá inniu ann, níl aon acmhainneacht ann faireachán éifeachtach a dhéanamh ar ghnéithe uile na mbagairtí a bhaineann le cáblaí fómhuirí agus léiriú staide aonair comhtháite a chruthú ar leibhéal an imchuach farraige. Nuair a tharlaíonn teagmhas, ní mór don Aontas cur lena chumas freagairt ar bhealach comhordaithe agus i ndlúthpháirtíocht leis an mBallstát is mó atá buailte. Chun a bheith in ann luathfholáirimh a eisiúint, tá sé fíor-riachtanach roinnt córas a chur ag obair le chéile, agus sonraí a chomhtháthú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

Leis an treoirthionscadal seo, dhéanfaí measúnú ar a indéanta atá sé ardán a bhunú le haghaidh sásra cumarsáide agus luathrabhaidh i measc na mBallstát chun comhordú a dhéanamh tríd an timthriall athléimneachta ina iomláine. Leis sin, dhéanfaí iniúchadh agus tástáil freisin ar choincheapa amhail samhlacha comhordúcháin, cuir chuige bhraite, nó sásraí freagartha trí raon gníomhaíochtaí ullmhúcháin agus taiscéalaíochta a mbeadh sé d'aidhm acu go gcuirfeadh na Ballstáit feabhas ar shlándáil cáblaí faoin bhfarraige.

Ba cheart na gnéithe seo a leanas a bheith san áireamh i dtreoirthionscadal na mol Cáblaí Réigiúnacha: na hacmhainneachtaí atá ann cheana a mhapáil go fóinteach, riachtanais teicneolaíochta nó chomhair a shainaithint, samhlacha rialachais a d'fhéadfadh a bheith ann a leagan amach, nó módúlachtaí costais agus soláthair a fhiosrú, lena n-áirítear i réimsí amhail uirlisí faireachais, sásraí tuairiscithe teagmhas, comhpháirtíochtaí le gníomhaithe príobháideacha nó cosanta, nó ardáin comhordúcháin.

Ós rud é go leanfaidh na cibirionsaithe, lena n-áirítear ar an mbonneagar criticiúil faoin bhfarraige, ar aghaidh go ceann i bhfad, tá sé tábhachtach féachaint ar fhreagairt níos comhordaithe. Ag an gcéim thosaigh sin, mhaoiníodh an treoirthionscadal tástáil coincheap amhail samhlacha comhordúcháin, cuir chuige bhraite, nó sásraí freagartha trí raon gníomhaíochtaí ullmhúcháin agus taiscéalaíochta atá dírithe ar ardán struchtúrtha cumarsáide agus freagartha a bhunú do mhoil Cháblaí Réigiúnacha — ceann amháin in aghaidh an imchuach farraige.

Mír PP 03 25 03 — Treoirthionscadal — Ceadú AI4 Glan-Nialasachta

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
p.m.	3 000 000	p.m.	3 000 000	2 500 000	4 250 000	p.m.	3 000 000	2 500 000	3 625 000

Barúlacha:

Leis an treoirthionscadal seo, tairgfear tacaíocht airgeadais d'údarais phoiblí, go príomha údarais áitiúla, lena dtabharfar isteach córais atá bunaithe ar an intleacht shaorga, nó córais atá bunaithe ar theicneolaíochtaí digiteacha eile ar bhonn eisceachtúil, chun na ceanglais nua maidir le ceadú cuíchóirithe faoin nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta a bhainistiú. Is éard a bheidh sa tacaíocht ná tacaíocht airgeadais dhíreach agus foghlaim fhrithpháirteach araon ó na húdarais

rannpháirteacha chun an obair chúil is gá chun ceadú a bhainistiú. Díreofar go háirithe ar Ghleannta Luasghéaraithe Glan-Nialasachta i réigiún ghuail i ngnéithe aistrithe agus comhshaoil ceadanna.

Mar dhara céim ar an tionscadal seo, úsáidfeadh na leithreasuithe a leithdháiltear faoi bhuiséad 2026 chun tionscadail a roghnaíodh faoin gcéad chéim a seoladh faoi bhuiséad 2025 a bhreisiú. Úsáidfeadh an breisiú sin go príomha, i gcás inar gá agus inarb iomchuí, chun páirt bhreise a thabhairt do na húdaráis réigiúnacha agus náisiúnta sa tionscadal chun a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis uile a bhfuil baint acu le ceadú laistigh de na Gleannta a mbonneagar digiteach a ailíniú agus idir-inoibritheacht a mhéadú. D'fhéadfadh úsáid thánaisteach an bhreisithe a bheith i gceist le buiséad níos mó a chur ar fáil chun na córais IS-bhunaithe a fhorbairt agus a fháil i gcás inar cosúil go raibh an buiséad bunaidh ró-íseal. Féadfar cuid bheag den bhreisiú a úsáid chun idirghníomhaíocht a éascú agus chun dea-chleachtais a chomhroinnt idir tionscadail rannpháirteacha agus chun na torthaí a chur chun cinn i measc na dtíortha eile.

Airteagal PP 03 26 — 2026

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				3 000 000	1 500 000			3 000 000	750 000

Mír PP 03 26 01 — Treoirhionscadal — Gradam le haghaidh Bainistiú Inbhuanaithe ar Thurasóireacht

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				500 000	250 000			500 000	125 000

Barúlacha:

Is é is aidhm don treoirhionscadal seo Gradam Eorpach a bhunú le haghaidh Bainistiú Inbhuanaithe ar Thurasóireacht, lena n-aithneofar cinn scríbe a bhfuil samhlacha rialachais agus cleachtais bhainistíochta nuálacha curtha chun feidhme go rathúil acu bunaithe ar chinnteoireacht fhianaise-bhunaithe. Leis an ngradam, tugtar chun suntais, barr feabhais maidir le haghaidh a thabhairt ar ghnéithe comhshaoil, eacnamaíochta agus sóisialta na hinbhuanaitheachta, agus béim á leagan go sonrach ar fhreagairtí éifeachtacha ar an róthurasóireacht, ar an tséasúracht, ar an athrú aeráide, agus ar threochtaí athraitheacha turasóireachta.

Is éard atá i gceist leis an tionscadal critéir mheastóireachta shoiléire fhianaise-lárnacha a chruthú, feachtas cumarsáide cuimsitheach a dhéanamh, agus giúiré saineolaithe a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar chinn scríbe ainmnithe. Tá an tionscadal seo ailínithe le gradaim bhliantúla Phríomhchathair na hEorpa agus Cheannródaí Glas na Turasóireachta Cliste (ECOSTA) ach cuireann sé gné nua ar fáil chun béim a leagan ar thábhacht an rialachais. Roghnófar buaiteoir Eorpach amháin as measc na rannpháirtithe i dtionscnamh ECOSTA, agus bronnfaidh Parlaimint na hEorpa Duais Speisialta ar cheann scríbe ina léireofar éachtaí den scoth maidir le samhlacha rialachais a ghlacadh (pleanáil straitéiseach, tomhas agus faireachán a dhéanamh ar inbhuanaitheacht, úsáid táscairí agus caighdeán, rialachas fianaise-bhunaithe, rannpháirtíocht pobal áitiúil, nósanna imeachta nuálacha, creat eagraíochtúil agus institiúideach), níos faide ná bainistiú ar thurasóireacht. Bheadh an gradam sin mar dhreasacht do chinn scríbe chun a gcleachtais rialachais a neartú agus tharraingeodh sé aird orthu siúd a léiríonn éachtaí eisceachtúla sa réimse sin. Bronnfar an gradam ar chinn scríbe inbhuanaithe ar an leibhéal áitiúil nó réigiúnach, agus ar an gcaoi sin déanfar forbairt réigiúnach chothrom a spreagadh agus a chur chun cinn. Déanfar na buaiteoirí a cheiliúradh ag searmanas bronnta arna óstáil ag Parlaimint na hEorpa, rud a chuirfidh ról gníomhach na Parlaiminte maidir leis an turasóireacht inbhuanaithe chun cinn. Moltar don Choimisiún inbhuanaitheacht an tionscadail a chinntiú sa bhreis ar an gcistiú tosaigh agus é a chur chun feidhme chun go ndéanfaí cur chun feidhme na Conaire Aistrithe don Turasóireacht a chothú agus beartais a chur chun cinn.

Bronnfar an Duais Speisialta i gcomhthráth le gradaim ECOSTA agus fógrófar í de réir na hamlíne céanna. Mairfidh an treoirthionscadal ar feadh 2 bhliain, ag tosú in 2026, lena gcumhdófar roghnú bhuaiteoirí 2028 agus 2029. Leis an gcomhordú sin, beifear in ann próisis chomhroinnte agus deiseanna scaipthe barrfheabhsaithe a bheith ann.

Critéir Incháilitheachta:

1. Bainistiú Ceann Scríbe atá Bunaithe ar Fhianaise:

– Úsáid Sonraí:

Ní mór don cheann scríbe a léiriú conas a úsáideann sé sonraí bailithe agus anailísithe le haghaidh na cinnteoireachta. D'fhéadfaí a áireamh leis sin straitéisí a fhorbairt chun astaíochtaí CO₂ a laghdú, bainistiú dramhaíola a fheabhsú, tacú leis an ngeilleagar áitiúil, oidhreacht chultúrtha a chaomhnú, etc.

– Samhail Rialachais Chomhoibríoch:

Ní mór don cheann scríbe a léiriú conas a chuireann sé geallsealbhóirí éagsúla san áireamh sa phróiseas bailithe sonraí, úsáide agus cinnteoireachta — amhail pobail áitiúla, eagraíochtaí turasóireachta, institiúidí taighde, agus gníomhaithe ábhartha eile.

2. Critéir Chomhshaoil:

– Laghdú Astaíochtaí CO₂ :

Ní mór don cheann scríbe bearta nithiúla a léiriú chun astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin a laghdú, lena n-áirítear foinsí inathnuaite fuinnimh a úsáid agus teicneolaíochtaí atá tíosach ar fhuinneamh a chur chun feidhme.

– Caomhnú Acmhainní Nádúrtha:

Ní mór cláir a bheith ag an gceann scríbe chun uisce, ithir agus bithéagsúlacht a chaomhnú, lena n-áirítear gnáthoga nádúrtha agus éiceachórais a chosaint.

– Bainistiú Dramhaíola:

Ní mór córais athchúrsála agus laghdaithe dramhaíola a bheith i bhfeidhm ag an gceann scríbe, lena n-áirítear cláir chun plaisteach a laghdú agus bearta eile a chuidíonn le lorg éiceolaíoch na turasóireachta a laghdú.

3. Critéir Eacnamaíoch:

– Tacaíocht don Gheilleagar Áitiúil:

Ní mór don cheann scríbe a léiriú conas a thacaíonn sé le fiontraithe áitiúla agus leis an ngeilleagar, lena n-áirítear úsáid táirgí agus seirbhísí áitiúla.

– Forbairt Inbhuanaithe:

Ní mór straitéisí forbartha inbhuanaithe a bheith ag an gceann scríbe lena n-áirítear pleananna fadtéarmacha don fhás eacnamaíoch gan dochar a dhéanamh don chomhshaoil ná don tsochaí.

4. Critéir Shóisialta:

– Cultúr agus Traidisiún:

Ní mór don cheann scríbe an cultúr agus an traidisiún áitiúil a chaomhnú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear tacaíocht d'imeachtaí cultúrtha agus do chaomhnú na hoidhreacht cultúrtha.

– Tacaíocht don Phobal Áitiúil:

Ní mór don cheann scríbe a léiriú nach mbíonn tionchar diúltach ag an turasóireacht ar shaol na gcónaitheoirí áitiúla, lena n-áirítear sásamh le forbairt turasóireachta sa cheantar.

Cumhdófar an méid seo a leanas leis an mbuiséad a bhaineann leis an ngradam seo a dhearadh:

- branda na Duaise Speisialta a shainiú;
- na critéir roghnúcháin agus dhámhachtana bheachta a shainiú;
- conradh a thabhairt do na saineolaithe neamhspleácha chun meastóireacht a dhéanamh ar iarratais agus gearrliosta a thairiscint don Ghiúiré Eorpach;
- an trófaí a dhearadh agus a tháirgeadh do bhuaiteoirí 2028 agus 2029;
- tacaíocht a thabhairt do na buaiteoirí mar chuid den duais (déanann gníomhaireacht speisialaithe idirnáisiúnta caidrimh phoiblí (PR) tacaíocht chumarsáide agus caidrimh phoiblí (PR) do thréimhse 12 mhí a thairgeadh do bhuaiteoirí chun infheictheacht a gceann scribe agus na duaise a mhéadú);
- gach costas inaisíoctha a chlúdach do na buaiteoirí a bhaineann le taisteal, páirt a ghlacadh in aontaí trádála, imeachtaí idirnáisiúnta, ceardlanna, searmanas bronnta, turais phreasa mar chuid den ghradam.

Nóta: Ní úsáidfeadh buiséad an treoirthionscadail seo chun eagrú an tsearmanais bhronnta arna óstáil ag Parlaimint na hEorpa a chumhdach.

Mír PP 03 26 02 — Treoirthionscadal — Lítearthacht airgeadais a chur chun cinn san Aontas

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				2 500 000	1 250 000			2 500 000	625 000

Barúlacha:

Is é is aidhm don treoirthionscadal measúnú a dhéanamh ar inmharthanacht cláir nua chun tionscnaimh a chistiú lena ndéantar saoránaigh a chumhachtú go sonrach chun feabhas a chur ar a gcumas breithiúnais fhóna a dhéanamh maidir le hinfheistíocht (a bheith ‘feasach ó thaobh na hinfheistíochta’). Tá an méid sin ag teacht leis an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta an 19 Márta 2025 (Teachtaireacht SIU). Féachann sé le cineálacha cur chuige nua a fhiosrú chun aghaidh a thabhairt ar bhearna chriticiúil nach féidir aghaidh a thabhairt uirthi faoi láthair le cláir de chuid an Aontais atá ann cheana. Is é is cuspóir don treoirthionscadal seo cineálacha nuálacha cur chuige a fhorbairt a théann níos faide ná raon feidhme Chlár reatha an Mhargaidh Aonair, Erasmus+, agus Chiste Sóisialta na hEorpa+, agus tástáil a dhéanamh ar indéantacht agus úsáideacht na gcineálacha cur chuige sin a d’fhéadfaí a fhorbairt tuilleadh trí na cláir sin a leathnú nó a athbhreithniú faoin gcéad CAI eile.

Leis an treoirthionscadal, líonfaí bearna trí dhíriú ar fheabhas a chur ar chumais infheistíochta shaoránaigh an Aontais, agus ar an gcaoi sin díriú ar ‘feasacht’ infheistíochta an phobail i gcoitinne a fheabhsú agus rannpháirtíocht mhiondíola i margaí caipitil a mhéadú. Ní dhíríonn aon chlár de chuid an Aontais atá ann cheana go sonrach ar rannpháirtíocht shaoránaigh an Aontais i margaí caipitil a mhéadú agus ar a áirithiú go dtugtar de chumhacht dóibh siúd ar mian leo a bheith rannpháirteach cinntí fóna eolasacha a dhéanamh.

- Le Erasmus+ díreann ar fheabhas a chur ar an oideachas agus ar an gcomhar i gcúrsaí oideachais, lena n-áirítear foghlaim ar feadh an tsaoil agus rannpháirtíocht na hóige. Cé go dtacaítear, le Erasmus+, le tionscnaimh oideachais, ní dhírítear leis ar litearthacht airgeadais a bhaineann le scileanna infheistíochta. Níl fócas speisialaithe ag a chlár leathan oideachais ar an eolas agus na scileanna is gá a thabhairt do shaoránaigh chun déileáil le margaí caipitil agus infheistíocht a dhéanamh iontu go muiníneach.

- Is é is aidhm do Chiste Sóisialta na hEorpa+ cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus tacaíonn sé le grúpaí leochaileacha amhail daoine ar ioncam íseal agus daoine dífhostaithe. Cé go dtugann CSE+ aghaidh ar chuimsiú sóisialta agus eacnamaíoch, ní dhéantar foráil ann maidir le tionscnaimh spriocdhírthe chun feacht infheistíochta a fhorbairt i measc an phobail i gcoitinne. Ní bhaineann a fhócas ar thacaíocht shóisialta ná ar fhostaíocht le tuiscint a chothú ar tháirgí infheistíochta ná ar na tairbhí a bhaineann le páirt a ghlacadh i margaí caipitil.
- Ar deireadh, tugann CMA aghaidh go príomha ar oideachas tomhaltóirí, lena n-áirítear go gcuirtear saoránaigh ar an eolas faoina gcearta agus faoina bhfreagrachtaí mar thomhaltóirí seirbhísí airgeadais. Cé go gcothaítear feacht tomhaltóirí le CMA, níl sé d’aidhm aige feabhas a chur ar chumais na saoránach páirt ghníomhach a ghlacadh i margaí caipitil mar infheisteoirí.

Tá an treoirthionscadal seo in áit uathúil chun an bhearna a líonadh trí mhúscailt feacht agus treoir spriocdhírthe maidir le litearthacht infheistíochta a chur ar fáil. Murab ionann agus na cláir atá ann cheana, díríonn sé ar fheabhas a chur ar thuiscint na saoránach ar dheiseanna, rioscaí agus tairbhí infheistíochta, agus rannpháirtíocht ghníomhach i margaí caipitil á cur chun cinn. Dhíreodh sé ar shaincheisteanna amhail costais agus feidhmíocht táirgí airgeadais, treoir agus ról na n-idirghabhálaithe.

Leis an treoirthionscadal, dhéanfaí tástáil freisin ar bhealaí nuálacha chun míniú a thabhairt ar na rioscaí agus na luaíochtaí a bhaineann le hinfeistíocht (lena n-áirítear rioscaí airgeadais, camscéimeanna agus calaois, etc.) agus, ar an gcaoi sin, spreagfaí tomhaltóirí chun infheistíocht fhreagrach a dhéanamh agus páirt a ghlacadh i margaí caipitil agus castacht agus digitiú méadaithe na margaí agus na dtáirgí airgeadais (e.g. criptea-shócmhainní, licíní neamh-idirmhalartacha, etc.) á gcur san áireamh.

Leis an treoirthionscadal, dhíreofaí ar chomhthéacsanna náisiúnta sonracha, agus dá bhrí sin ní shainordófaí comhar trasnáisiúnta leis, rud a rachadh thar raon feidhme chlár eile de chuid an Choimisiúin amhail CSE + agus Erasmus + (lena n-áirítear a rian nuálaíochta sóisialta ‘EASI’).

Chomh maith le tacú go díreach le feabhas a chur ar litearthacht airgeadais infheistíochta, d’fhéadfadh an treoirthionscadal bealaí a thástáil freisin chun tionchar na n-eagraíochtaí atá ag obair i dtreo infheisteoirí miondíola a chosaint, lena n-áirítear eagraíochtaí tomhaltóirí, infheisteoirí nó comhlachais scairshealbhóirí, nó údaráis airgeadais a mhéadú.

D’fhéadfaí an cur chuige nuálach a áirithiú leis na tionscnaimh seo a leanas:

1. Múscailt feacht infheistíochta agus treoir:

- Cláir oideachais, tionscnaimh agus suíomhanna gréasáin saincheaptha a fhorbairt lena ndíreofar ar eolas infheistíochta, lena n-áirítear táirgí bunúsacha airgeadais, ról na n-idirghabhálaithe, agus tuiscint a fháil ar rioscaí agus luaíochtaí a bhaineann le hinfeistíochtaí;
- Béim a leagan ar tháirgí airgeadais digiteacha amhail criptea-shócmhainní agus licíní neamh-idirmhalartacha chun dul in oiriúint le tírdhreach na margaí airgeadais atá ag éirí níos digítí.

2. Ambasadóirí litearthachta infheistíochta:

- Líonra ‘ambasadóirí litearthachta infheistíochta’ dea-cháilithe a bhunú agus a choinneáil ar bun ar fud na 27 mBallstát uile. Thacódh na pearsana poiblí sin le litearthacht infheistíochta, agus rachaidís i dteagmháil leis an bpobal trí bhealaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin phríomhshrutha (teilifís, raidió, nuachtáin, etc.);
- Tacú le hambasadóirí le hacmhainní chun a gcuid oibre pro bono a chumhdach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí cumarsáide agus múscailte feacht, amhail ábhair théamacha a ullmhú maidir le litearthacht agus feacht infheistíochta a úsáidtear ina gcuid oibre abhcóideachta.

3. Rannpháirtíocht an phobail

- Comhar agus tacaíocht a spreagadh le húdaráis na mBallstát, le heagraíochtaí tomhaltóirí bardas, chomh maith le hionadaithe fostóirí agus oibríthe chun cláir shaincheaptha litearthachta infheistíochta agus feasachta agus treoir infheistíochta a áirithiú. D’eisiafaí leis sin ceanglais thrasnáisiúnta díriú ar thionchar agus ábharthacht logánta.

Airteagal PP 04 26 — 2026

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				6 000 000	3 000 000			6 000 000	1 500 000

Mír PP 04 26 01 — Treoirthionscadal — Cuardach agus Tarrtháil AE (SAR) 2.0

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				1 000 000	500 000			1 000 000	250 000

Barúlacha:

Tá dea-theist ag an tseirbhís Cuardaigh agus Tarrthála Eorpach (SAR)/Galileo, a chuireann go mór leis an tseirbhís phoiblí dhomhanda SAR Cospas-Sarsat, maidir le daoine atá i nguais a bhrath agus a aimsiú. Mar sin féin, tá dúshláin agus deiseanna ag baint le SAR/Galileo agus le córas Cospas-Sarsat mar gheall ar an méadú atá tagtha ar chuideachtaí príobháideacha a thairgeann nó a d’fhéadfadh fógraí foláirimh éigeandála príobháideacha a thairiscint.

Sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair agus i struchtúr bainistíochta Cospas-Sarsat (SAM, CAN, RUS, FR) leagtar béim ar an ngá atá le cineálacha nua cur chuige a fhiosrú agus an dearcadh maidir le seirbhísí SAR/Galileo a leathnú. Tá cuideachtaí príobháideacha ag idirghníomhú níos mó agus níos mó le Lárionad Comhordaithe Tarrthála (RCCanna), ar eintitis phoiblí nó eagraíochtaí neamhbhrabúsacha iad go minic, chun seirbhísí foláirimh a sholáthar. Mar sin féin, cruthaítear le hionchur na n-ionchur sin, constaici do RCCanna maidir leis na foláirimh sin a bhainistiú, rud a léiríonn an gá atá le cur chuige níos comhordaithe. Thairis sin, ní fhéadfaidh gníomhaithe príobháideacha cobhsaíocht fhadtéarmach a thairiscint, toisc gur féidir iad a dhúnadh ar chúiseanna eacnamaíocha nó polaitiúla, rud a d’fhéadfadh leanúnachas agus/nó cáilíocht/éifeachtúlacht sheirbhísí SAR a chur i mbaol.

Mar fhreagairt ar na treochothaí éabhlóide sin, ba cheart don Choimisiún Eorpach cur chuige éabhlóideach a mholadh i leith sheirbhísí SAR. Ar an gcéad dul síos, coinneoidh sé a thiomantas do Cospas-Sarsat ar an leibhéal reatha, lena n-áiríteofar tacaíocht leagáide agus gnéithe nua á dtabhairt isteach aige amhail Cianghníomhachtú Rabhchán (RBA), Cumarsáid Dhá Bhealach (TWC), etc. I leagan amach comhlántach (le Cospas-Sarsat). Leis an geur chuige sin, chuirfí ar chumas an Aontais leanúint de thacaíocht a thabhairt don chóras Cospas-Sarsat atá ann cheana agus ag an am céanna na hinfeistíochtaí suntasacha is gá a sheachaint chun éabhlóidí laistigh de chóras Cospas-Sarsat a chur chun cinn agus a chaighdeánú.

Ag an am céanna, ba cheart don Choimisiún Eorpach coincheapa nua a fhiosrú le haghaidh fíorsheirbhís cuardaigh agus tarrthála Eorpach, i gcomhar le Ballstáit AE-27 (agus le stáit a bhfuil baint acu le clár Galileo). Bheadh raon feidhme domhanda ag an tseirbhís sin agus d’fhéadfadh gnéithe nua a bheith inti, amhail bealaí cumarsáide iltaobhacha (mórán le mórán) feabhsaithe, brath agus logánú feabhsaithe guaise, agus deighleoga leathnaithe úsáideoirí.

Trí éiceachóras cuimsitheach SAR de chuid an Aontais a fhorbairt, ag tógáil ar thionscnaimh agus ar chláir de chuid an Aontais atá ann cheana amhail SAR/Galileo agus SafeSeaNet, is féidir leis an Aontas comhtháthú rianúil seirbhísí éagsúla fógartha éigeandála a éascú, agus cothromaíocht á baint amach idir comhar le gníomhaithe príobháideacha agus iniúchadh ar réitigh nuálacha. Is é is aidhm

don iarracht sin dul chun tairbhe do shaoránaigh an Aontais agus do fhreagróirí SAR, beatha daoine a shábháil ar deireadh agus tionchar géarchéimeanna a laghdú.

Ba cheart don Aontas cultúr comhair a chothú freisin trína sheirbhísí nua SAR a chomhroinnt le comhpháirtithe idirnáisiúnta iontaofa a bhfuil an dearcadh céanna acu, chun freagairt dhomhanda chomhordaithe agus éifeachtach SAR a áirithiú.

Mír PP 04 26 02 — Treoirthionscadal — Faireachán ar thrasnaíocht radaimhnicíochta GNSS — Sócmhainní criticiúla spáis an Aontais a chosaint

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				5 000 000	2 500 000			5 000 000	1 250 000

Barúlacha:

Is ábhar inní atá ag dul i méid í an Trasnaíocht Radaimhnicíochta (RFI) a dhéanann difear do Chórais Dhomhanda um Loingseoireacht Satailíte (GNSS), amhail Galileo, a mbíonn tionchar aige ar oibríochtaí laethúla i mbonneagair agus i seirbhísí criticiúla, lena n-áirítear eitlíocht shibhialta. Mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an spleáchas ar GNSS le haghaidh feidhmeanna suite, loingseoireachta agus uainiúcháin (PNT), tá gá le straitéisí éifeachtacha faireacháin agus maolaithe RFI. Tá an Straitéis Slándála Inmheánaí (ISS) agus Straitéis um Aontas na hUllmhachta (PUS) tar éis Seirbhís AE GNSS um Faireachán ar Thrasmhnicíocht Radaimhnicíochta a ghairm.

Is é príomhchuspóir an treoirthionscadail seo fréamhshamhail a dhearadh agus a fhorbairt lena gcomhtháthaítear agus lena ndéantar anailís ar mhéadracht a bhaineann leis an Trasnaíocht Radaimhnicíochta (RFI) ó raon éagsúil foinsí sonraí, lena n-áirítear tacair sonraí foinse oscailte agus tráchtála araon. Tabharfaidh an cur chuige cuimsitheach sin léargas aontaithe ar thrasnaíocht na gCóras Domhanda um Loingseoireacht Satailíte (GNSS) ar fud na hEorpa, agus sonraí ó fhoinsí éagsúla á ngiaráil.

Gné ríthábhachtach den fhréamhshamhail is ea ardanailísíocht mórshonraí agus algartaim mheaisínfhoghlama a chur i bhfeidhm chun na sruthanna éagsúla sonraí ó fhoinsí éagsúla a chomhtháthú agus a anailísiú.

Trí leas a bhaint as cumhacht na mórshonraí agus na meaisínfhoghlama, cuirfidh an fhréamhshamhail creat láidir inscálaithe ar fáil le haghaidh faireachán ar an Trasnaíocht Radaimhnicíochta (RFI), rud a chumasóidh samhlacha tuarthacha agus straitéisí maolaithe réamhghníomhacha a fhorbairt.

Leis an treoirthionscadal, réiteofaí an bealach chun córas faireacháin RFI cuimsitheach uile-Eorpach a bhunú, lena bhfeabhsófar iontaofacht na mbonneagar agus na seirbhísí criticiúla a bhraitheann ar GNSS agus, ar deireadh, agus rannchuidiú ar deireadh le hAontas Eorpach atá níos sábháilte, níos sláine agus níos athléimní.

Mír PP 07 25 01 — Treoirthionscadal — Comhtháthú sóisialta a chur chun cinn i bhfianaise dioscúrsa poiblí deighilte

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
p.m.	392 500	p.m.	392 500	1 500 000	1 142 500	p.m.	392 500	1 500 000	767 500

Barúlacha:

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

An toradh a bhfuiltear ag dréim leis:

An bhfuil an daonlathas inbhuanaithe i ré na mímhúiníne agus na deighilte? Tá ardú na fuathchainte, na mífhaisnéise agus na mbolgán scagtha ag cur síol na míshástachta agus an eisiaimh shóisialta. Is cosúil go bhfuil sé dodhéanta stop a chur leis an dinimic, agus grúpaí imeallacha beaga ach gutha ag instealladh tuairimí foircneacha sa dioscúrsa poiblí. Ar an gcúis sin, ba cheart fáilte a chur roimh chosc agus faireachán níos fearr ar an dioscúrsa polaitiúil an-mhór ar líne, agus an tsaoirse cainte á caomhnú ag an am céanna. Is féidir é seo a dhéanamh tríd an dioscúrsa reatha ar thuairimí an phobail ar na meáin shóisialta a mhapáil ar shaincheisteanna suntasacha polaitiúla. Trí sheiceáil a dhéanamh ar úsáid na n-ionadaithe tofa teanga, d’fhéadfaimis tírdhreach an dioscúrsa pholaitiúil a mhapáil agus a fheiceáil cad iad na téarmaí agus na saincheisteanna is deighilte. Trí úsáid a bhaint as anailís ar mheon, d’fhéadfaimis a thástáil an spreagann nó an n-ionsaíonn an teanga a úsáideann ionadaithe tofa ionadaithe eile agus d’fhéadfaimis faireachán a dhéanamh ar mhéid an fheachtais chlúmhille i bParlaimint na hEorpa agus i bparlaimintí náisiúnta roghnaithe. Agus leas á bhaint as sin, is féidir roinnt leaganacha teanga de chuid an Aontais a dhréachtú agus a oiriúnú, ionas go gcumhdófar sampla de Bhallstáit, b’fhéidir iad siúd a bhfuil polarú taifeadta níos mó acu.

Raon feidhme:

1. Cruthaigh an tsamhail foghlama meaisín. APOLLO: Anailís ar Theanga na Tuairime Polaitiúla trí Fhoghlaim ar Líne;
2. Traenáil an tsamhail i dteangacha atá difriúil ón mBéarla (suas le 5);
3. Déan cnuaschoipeáil chuimsitheach ón ngréasán de na príomh-mheáin shóisialta a phleanáil (tráchtanna YT, X, Instagram, Facebook, TikTok, srl), ag íoc as an scríobadh nuair is gá;
4. Suirbhé ar líne a réachtáil chun freagróirí a bhailiú agus a roghanna polaitiúla a shainathint agus cibé acu a leanann siad roinnt polaiteoirí nó figiúirí poiblí ar na meáin shóisialta nó nach leanann, agus chun teacht ar na daoine is mó a bhíonn rannpháirteach ar na meáin shóisialta. D’fhéadfadh sé go bpléifí an suirbhé ar subReddits ábhartha a phléann le polaitíocht na hEorpa. D’fhéadfadh Reddit léargas spésiúil a thabhairt ar phobail imeallacha freisin, agus ‘forscaipeoirí’ na mífhaisnéise a shainathint;
5. Laistigh de raon feidhme rialacha RGCS, scríos gníomhaíocht na n-ionadaithe tofa (gan ainmneacha i gcónaí) ar na meáin shóisialta, chomh maith le tuairimí agus freagraí agus maidir le hábhair coitianta, tráchtanna agus freagraí a scríobadh faoi mheáin bhunaithe (e.g. The Irish Times, Politico, Il Corriere, Le Monde, etc.);
6. Tríd an dá thacar sonraí a chumasc, ag aimsiú comhghaol idir teanga pholaitiúil, lean polaiteoirí agus mothú eisiaimh shóisialta, ag rialú d’athróa socheacnamaíocha mar neamhshlándaíl eacnamaíoch agus poist.

Mír PP 07 25 02 — Treoirthionscadal — Obair ullmhúcháin le haghaidh struchtúir chomhairleoireachta chun tacú le saothar imirceach soghluaiste

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
p.m.	300 000	p.m.	300 000	1 200 000	900 000	p.m.	300 000	1 200 000	600 000

Barúlacha:

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin treoirthionscadal.

Tá saothar imirceach soghluaiste anois ina dheighleog struchtúrach de na margaí saothair náisiúnta i ngach Ballstát. Táthar ag súil go leanfaidh an treocht seo ag fás. I bhfianaise na nganntanas scileanna agus saothair agus na mbeartas earcaíochta spriocdhírthe, tá fianaise ann go dtiocfaidh méadú ar shoghluaisteacht náisiúnach tríú tír atá ag obair go sealadach san Aontas. Is minic a bhíonn siad

gníomhach in earnálacha riachtanacha, agus tá oibrithe imirceacha taistil ríthábhachtach d'fheidmiú cuí mhargadh inmheánach an Aontais. Ag an am céanna, áfach, is ionann oibrithe a phostaítear nó a ghlacann le fostaíocht ar feadh tréimhse ghearr, agus grúpa oibrithe an-leochaileach agus is minic a bhíonn a staid forbhásach. I bhfianaise chastacht na gcásanna saothair trasnáisiúnta agus mar gheall ar easpa scileanna teanga agus eolais ar na rialacha is infheidhme, ní furasta do na hoibrithe sin a gcearta a theachtadh agus a chosaint ina n-aonar. Le dálaí oibre forbhásacha agus dúshaothrú struchtúrach saothair, cuirtear cosc ar lánpháirtiú sa mhargadh saothair, baintear an bonn d'iarrachtaí earcaíochta agus d'iomáíocht chóir amach anseo. Tá bearta agus feachtais éagsúla seolta ag an Údarás Eorpach Saothair chun aird a tharraingt ar earnálacha agus ar ghrúpaí fostaíochta atá buailte go dona, amhail oibrithe séasúracha, tiománaithe gairmiúla agus an grúpa náisiúnach tríú tír ar postú atá ag dul i méid. Mar sin féin, ní féidir leis an Údarás Eorpach Saothair tacaíocht aonair a thairiscint do na spriocghrúpaí sin. Dá bhrí sin, is féidir le struchtúir chomhairleoireachta agus tacaíochta thrasnáisiúnta a bhaineann le ceardchumann atá dírithe ar shaothar imirceach soghluaiste rannchuidiú go mór le soghluaisteacht chothrom an lucht saothair agus imirce chothrom a chur chun cinn mar a chumhdaítear in acquis sóisialta an Aontais agus mar a dearbhaíodh i nDearbhú idirinstiúideach La Hulpe 2024 maidir le todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ní hamháin go dtugann seirbhísí comhairleoireachta trasnáisiúnta cabhair aonair d'oibrithe, ach tugann siad léargas tábhachtach freisin ar staid an lucht saothair imirceach soghluaiste in earnálacha riosca, ar fhorbairtí i margadh saothair na hEorpa agus ar chineálacha nua patrún fostaíochta agus soghluaisteachta. Thairis sin, tá faisnéis aonair agus comhairleoireacht d'oibrithe ina gcomhlánú tábhachtach ar ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, amhail cigireachtaí saothair.

Is é ábhar an treoirhionscadal ná taighde eolaíoch ar staid an tsaothair imirceach soghluaiste agus an tionchar a bhíonn ag cuidiú le struchtúir chomhairleoireachta ar na spriocghrúpaí sin. Ba cheart béim ar leith a leagan ar earnálacha riosca amhail iompar idirnáisiúnta de bhóthar, obair shéasúrach in horeca agus sa talmhaíocht, earnáil na tógála agus an grúpa méadaitheach náisiúnach tríú tíortha ar postú. Ba cheart faireachán agus meastóireacht ar struchtúir chomhairleoireachta atá ann cheana i dtíortha tionscnaimh agus i dtíortha cinn scríbe a bheith ina bpríomhghné den staidéar. Chun ionadaíochas an fhaireacháin a áirithiú agus chun deis a thabhairt don mheastóireacht moltaí oibríochtúla a cheapadh, beidh cuid shuntasach den treoirhionscadal chun líonra comhairleoireachta trasnáisiúnta a bhaineann le ceardchumann a réachtáil (seacht dtír ar a laghad sa chéad bhliain, a leathnófar de réir a chéile). Ba cheart 1-3 thír is iarrthóirí nó tríú tíortha eile laistigh den Eoraip amhail an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Albáin nó an Chosaiv a áireamh sa líonra freisin. Is iad oibrithe imirceacha taistil gearrthéarmacha príomh-spriocghrúpaí na comhairleoireachta. Ba cheart tacú leis na hionaid chomhairleoireachta ina bhforbairt, ina n-obair chomhairleoireachta agus ina líonrú trasnáisiúnta trí chomhordú. Tacófar le bunú ionad nua comhairleoireachta trí bhearta spriocdhírthe fothaithe acmhainneachta.

Ba cheart go n-áireofaí sa staidéar eolaíoch taighde tírshonrach agus agallaimh le saineolaithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal an Aontais maidir le staid an tsaothair imirceach soghluaiste in earnálacha riosca agus staid na náisiúnach tríú tír ar postú. Mar chuid den taighde, ba cheart na seirbhísí comhairleoireachta atá ann cheana do na spriocghrúpaí a shainaithint agus riachtanais (earnáilsonracha) le haghaidh comhairleoireachta agus tacaíochta a chinneadh. Déanfar malartú tráthrialta leis an Údarás Eorpach Saothair agus le hionadaithe na n-earnálacha lena mbaineann le linn thréimhse an treoirhionscadal.

Le toradh an treoirhionscadal, soláthrófar anailís ar an staid agus ar na dúshláin a bhíonn ag lucht saothair imirceach soghluaiste in earnálacha riosca agus náisiúnaigh tríú tír ar postú i margadh saothair na hEorpa, a dtabharfar aghaidh nithiúil orthu ag an am céanna trí líonra comhairleoireachta trasnáisiúnta a chur chun feidhme agus a leathnú go praiticiúil. Ina theannta sin, forbrófar meastóireacht ar na seirbhísí comhairleoireachta atá ann cheana do na spriocghrúpaí agus mapáil ar na riachtanais (earnáilsonracha) le haghaidh seirbhísí comhairleoireachta. Bunaithe ar thorthaí an

staidéir, ceapfar moltaí chun tionscnamh tiomnaithe a ullmhú chun líonra comhairleoireachta Eorpach do shaothar imirceach soghluaiste a chistiú agus a bhunú go fadtéarmach. Cuirfear torthaí an treoirthionscadal i láthair agus pléifear iad ag comhdháil dheiridh ar leibhéal an Aontais. D'fhonn leas leanúnach a bhaint as torthaí an treoirthionscadal, cuirfear torthaí eatramhacha i láthair agus pléifear iad ag comhdháil lár-tionscadail.

Airteagal PP 07 26 — 2026

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				5 000 000	2 500 000			5 000 000	1 250 000

Mír PP 07 26 01 — Treoirthionscadal — Oidhreacht Dhigitghinte na hEorpa a Choimirciú

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				2 000 000	1 000 000			2 000 000	500 000

Barúlacha:

Tá cosaint oidhreacht chultúrtha na hEorpa agus rochtain uirthi athdhearbhaithe mar thosaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh ag an gCoimisinéir Micallef agus beidh sé mar chuid den Chompás Cultúir níos leithne atá geallta ag an gCoimisiún. Tá an oidhreacht dhigitghinte mar chuid d'Oidhreacht Chultúrtha na hEorpa, ar cuid bheoga agus mhéadaitheach í den taifead stairiúil níos leithne, go háirithe i bhfianaise na ndeiseanna a chuireann sí ar fáil do ghuthanna nua agus éagsúla teacht chun cinn agus éisteacht a fháil.

Chun críoch an treoirthionscadail seo, is éard atá san oidhreacht dhigitghinte, ábhair a cruthaíodh ar dtús i bhformáidí digiteacha agus nach bhfuil a gcoibhéis fhisiceach acu. Is féidir leo sin a bheith i bhfoirm téacsanna, íomhánna agus/nó fuaimeanna. I measc na bpríomhshamplaí den oidhreacht dhigitghinte tá ríomhleabhair, irisí leictreonacha, meáin ar líne, blaganna, suíomhanna gréasáin, físchluichí agus tuilleadh nach iad, ar féidir luach suntasach a bheith ag baint leo go léir do thaighdeoirí amach anseo. Chomh maith leis sin, chun críche an treoirthionscadail seo, is cartlanna, leabharlanna, músaem agus eagraíochtaí oideachais, cultúrtha agus taighde eile iad na hinstiúidí oidhreachta.

Díríodh go mór — sa dlí, sa chistiú agus sa chomhar ar fad — ar rochtain níos láidre a chur ar fáil ar chóipeanna digitithe den oidhreacht chultúrtha fhisiciúil. I measc nithe eile, áirítear sa Treoir maidir leis an Margadh Aonair Digiteach (2019/790) forálacha maidir le digitíú agus rochtain ar shaothair lasmuigh den tráchtáil, an Moladh maidir le spás coiteann sonraí Eorpach don oidhreacht chultúrtha ((AE) 2021/1970) agus obair ghaolmhar Thionscnamh Europeana i gcoitinne arb é is aidhm di digitíú agus caomhnú digiteach a spreagadh agus saorshreabhadh sonraí oidhreachta cultúrtha a éascú. Thairis sin, le Néal na hOidhreachta Cultúrtha, forbrófar uirlisí comhoibríocha digiteacha sonracha d'earnáil na hoidhreachta cultúrtha. Mar sin féin, is lú sin a mhéid a bhaineann le hábhair dhigitghinte a choimirciú. De ghnáth, ní bhíonn siad sin ar fáil ar fhreastalaithe instiúidí oidhreachta ach faightear rochtain orthu go cianda, agus mar sin ní thagann siad faoi na forálacha caomhnaithe atá ann faoi láthair. Tá go leor saothar an-leochaileach do dhul ar iarraidh. Is é an t-ábhar inní nach mairfidh ach sciar an-bheag de na hábhair chultúrtha, taighde, nuachta agus eile atá ag múnlú an domhain sa lá atá inniu ann go mbeadh fáil orthu san fhearann poiblí.

Leis na forálacha atá i ndlí an Aontais faoi láthair, ní thugtar soiléireacht d'instiúidí oidhreachta na hEorpa maidir leis na féidearthachtaí atá ann cóipeanna caomhnaithe a dhéanamh d'ábhar is féidir a cheadúnú nó ar féidir rochtain a fháil air go dleathach ar bhealach eile, ach nach bhfaightear iad. Mar shampla, ní cheadaítear le hAirteagal 6 den Treoir maidir le Margadh Aonair Digiteach ach caomhnú saothar i mbailiúchán buan instiúide, lena n-eisiatar iad siúd nach bhfaightear rochtain orthu ach ar bhonn sealadach. Tá an dul chun cinn i dtreo dlíthe taiscí dlíthiúla a oiriúnú don ré

dhigiteach nó cnuaschoipeáil ón ngréasán a chumasú míchothrom, cé go bhfuil tástáil ar siúl, e.g. obair na Comhghuaillíochta Idirnáisiúnta um Chaomhnú Idirlín.

Is léir go bhfuil gá le cur chuige cuimsitheach i leith an chaomhnaithe. Bíonn tionchar ag tionóiscí, féimheachtaí, dífheidhmeacht formáide agus scríosadh ábhar a bhféadfadh luach stairiúil tábhachtach a bheith acu ach nach bhfuil aon luach eacnamaíoch ag baint leo don sealbhóir. Is léir ón stair is déanaí, mura ndéantar ábhar digiteach a choimirciú go neamhspleách, gur féidir leis imeacht go saoráideach mar gheall ar bhrúnna polaitiúla mura nglactar bearta iomchuí. Tá inní ann faoi chailliúint ár n-oidhreacht digitghinte le fada cheana féin, rud atá ina chúis le caint ar pholl dubh ón 21ú haois nó ar ré dhigiteach dhorcha.

I gcomhthéacs na hoibre níos leithne maidir leis an gCompás Cultúir, agus roimh an bplé maidir le caomhnú agus rochtain ábhar digitghinte, d'fhéadfadh an treoirthionscadal seo rannchuidiú, dá bhrí sin, le tuiscint a fháil ar staid na himeartha agus ar an mbealach chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ann i gcomhréir leis na breithnithe thíos. D'oibreodh sé le saineolaithe sa spás sonraí don oidhreacht chultúrtha agus bhainfeadh sé leas as na sonraí agus na creataí atá ar fáil amhail Europeana, chomh maith le heolas teicniúil agus dlíthiúil ábhartha na bpáirtithe leasmhara ábhartha, inter alia leabharlanna agus cartlanna.

– Measúnú a dhéanamh ar an sciar d'oidhreacht chultúrtha dhigitghinte na hEorpa atá á caomhnú sa lá atá inniu ann agus an chaoi a gcuirtear sin i gcomparáid leis an méid (i súile na ngairmithe) is gá a chaomhnú.

– Staid an dlí a mhapáil maidir le hábhar digitghinte (ceadúnaithe) a chaomhnú sa lá atá inniu ann, agus rochtain ar an ábhar sin agus na creataí atá ann cheana agus na tionscnaimh leanúnacha a bhaineann le caomhnú na hoidhreacht chultúrtha agus rochtain uirthi á gcur san áireamh, agus na creataí agus na tionscnaimh atá ann cheana mar a leagtar amach thuas á gcur san áireamh freisin.

– Tosca (neamhrechtacha) eile a mhapáil a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chleachtais a bhaineann le caomhnú na hoidhreacht digitghinte agus le rochtain ar an oidhreacht sin.

– Moltaí a bhunú le haghaidh bearta reachtacha agus neamhrechtacha lena bhféadfaí na cleachtais is fearr is féidir a chumasú ar fud na hEorpa.

Mír PP 07 26 02 — Treoirthionscadal — Samhail an Gheilleagair Shóisialta Chliste sa Turasóireacht (Conairí Fadraoin)

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				1 500 000	750 000			1 500 000	375 000

Barúlacha:

Is é is aidhm don treoirthionscadal seo inmharthanacht agus glacadh sóisialta gníomhaíochtaí atá ceaptha chun prionsabail an gheilleagair shóisialta a chomhtháthú sa turasóireacht a fhiosrú agus, ag an am céanna, pobail áitiúla, luachanna agus traidisiúin Eorpacha, agus gnólachtaí inbhuanaithe a chur chun cinn, agus an bhearna idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe a laghdú. Beidh an tionscadal ar siúl i réigiúin éagsúla ar fud na hEorpa, lena n-áirítear láithreáin ina bhfuil oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha eisceachtúil, agus é mar aidhm leis freisin acmhainneacht na bpobal críochach a mhéadú ar an leibhéal Eorpach, agus úsáid á baint as taithí na gconairí turasóireachta fadraoin atá ann cheana. Go sonrach, féachtar sa tionscadal ar bhealach córasach réamhbhreathnaitheach chun leas a bhaint as acmhainneacht turasóireachta na réigiún trí phrionsabail na turasóireachta inbhuanaithe agus an gheilleagair shóisialta a chur chun cinn i gcomhréir le riachtanais na sochaí, dul chun cinn teicneolaíoch agus straitéisí an Aontais Eorpaigh.

Cé go bhfuil conairí fadraoin ann cheana laistigh den Aontas, ní dhearnadh a bprionsabail ná a n-acmhainneacht a chomhtháthú go córasach i gcreataí beartais agus i gcistí an Aontais, ná níor cuireadh

in oiriúint iad do shamhlacha cliste an gheilleagair shóisialta ar bhealach struchtúrtha in-mhacasmhlaithe. Is ann do chonairí turasóireachta fadraoin Eorpacha i dtíortha éagsúla ar fud an Aontais, lena n-áirítear an Spáinn (Camino de Santiago), an Phortaingéil (Rota Vicentina), an Iodáil (Via Francigena), an Ghréig (Conair Mhenalon), an Rómáin (Via Transilvanica) agus an tSlóivéin (Conair Juliana). Sa chomhthéacs sin, is é is aidhm don treoirhionscadal seo iniúchadh agus tástáil a dhéanamh ar acmhainneacht eacnamaíoch agus shóisialta samhlacha éagsúla conairí fadraoin ar fud réigiúin éagsúla an Aontais.

Is é is aidhm don treoirhionscadal seo gné uile-Eorpach an gheilleagair shóisialta a fhorbairt trí chur chuige comhtháite ón mbun aníos, bunaithe ar thaithí fíorshaoil phobail intomhaiste ar chonairí turasóireachta fadraoin. Leis an tionscadal, díritear ar shlabhraí luacha a choinníonn tairbhí eacnamaíocha laistigh de phobail tuaithe, rud a chothaíonn fás cuimsitheach. Trí sholáthraithe fáilteachais tuaithe a ailíniú le cleachtais inbhuanaithe, neartaítear leis an tionscadal slabhraí luacha chun trédhearcacht, tionchar sóisialta agus athléimneacht fhadtéarmach an phobail a áirithiú. Rinneadh an tsamhail a dhearadh mar threoirphlean uile-Eorpach, déanann sí creataí an Aontais a chomhtháthú agus éascaíonn sí malartú eolais trasnáisiúnta chun rath a mhacasmhlú ar fud na hEorpa.

Chun na cuspóirí thuasluaite a bhaint amach, forbrófar réitigh dhigiteacha leis an treoirhionscadal chun measúnú a dhéanamh ar a indéanta a bheadh sé ardán uile-Eorpach agus feidhmchlár móibíleach a bheith ann amach anseo a dhearfar chun freastal ar réigiúin uile na hEorpa atá nasctha le conairí turasóireachta fadraoin. Leis na réitigh sin, déanfar taithí fíorshaoil shamhail an gheilleagair shóisialta a ghíaráil trí chomhar a chothú i measc pobal áitiúil, fiontar sóisialta agus gníomhaithe turasóireachta inbhuanaithe. Ina theannta sin, leis an tionscadal, dhéanfaí tionscnaimh phobail a bhfuil rath orthu, eolas agus líonraí geilleagair shóisialta atá i bhfeidhm cheana féin laistigh de réigiúin shonracha a shainaithe agus a ghíaráil. Déanfar iad sin a scálú agus a mhacasmhlú i réimsí eile trí phróiseas struchtúrtha malartaithe eolais, piarfhoghlama agus fothú acmhainneachta.

Cuirfidh sé faisnéis chuimsitheach ar fáil d'úsáideoirí ábhartha maidir le conairí, nuashonruithe fíor-ama, ábhar faoi stiúir an phobail, oiliúint, comórtais de chuid an Aontais, deiseanna infheistíochta, imeachtaí agus uirlisí chun tacú le samhail eacnamaíoch shóisialta chliste uile-Eorpach a fhorbairt.

Leis na ceachtanna a foghlaimíodh ón treoirhionscadal sin, tacófar le leathnú an ardáin chuig conairí agus réigiúin fadraoin Eorpacha eile, lena n-áirítear cur chuige inscálaithe ón mbun aníos atá fréamhaithe san fhorbairt áitiúil. Chun an acmhainneacht sin a neartú ar an leibhéal Eorpach, cuirfidh an t-ardán oiliúint maidir le fothú acmhainneachta conairí ar fáil, agus triailfidh sé Gradam AE do na conairí, gníomhaíochtaí agus tionscadail turasóireachta fadraoin is fearr. Dá bhrí sin, tacóidh an tionscadal le fiontraíthe sóisialta tuaithe trí oiliúint, piarfhoghlaim, agus tionscnaimh mheantóireachta. Trí oiliúint, gníomhaíochtaí píolótacha áitiúla, aistriú eolais agus nuálaíocht dhigiteach a chomhcheangal, déanann an tionscadal pobail a chumhachtú chun seirbhísí cuimsitheacha turasóireachta a dhearadh, fiontar shóisialta a neartú, agus fás eacnamaíoch áitiúil inbhuanaithe a spreagadh.

Chun go mbainfí amach na cuspóirí thuasluaite, déanfar an méid seo a leanas leis an treoirhionscadal: taighde cáilíochtúil agus cainníochtúil a dhéanamh, treoirhionscadal a sheoladh agus a chur chun feidhme ar fud réigiúin éagsúla an Aontais, ardán digiteach Eorpach agus feidhmchlár móibíleach Eorpach a chruthú, Gradam de chuid an Aontais a thástáil don chonair turasóireachta fadraoin, do na gníomhaíochtaí agus do na tionscadail is fearr.

- Céim 1: Taighde. Le linn na céime sin, déanfar taighde cáilíochtúil agus cainníochtúil chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais conairí turasóireachta fadraoin na hEorpa, ach freisin ar láidreachtaí agus laigí ó thaobh geilleagar sóisialta cliste de. Comhlánófar é sin le bailiúchán píosaí scéalaíochta ó shaoránaigh áitiúla agus ó pháirtithe leasmhara, agus le hanailís ar chleachtais an gheilleagair shóisialta atá ann cheana ina measc.

- Céim 2: Gníomhaíochtaí píolótacha a sheoladh agus a chur chun feidhme ar fud réigiúin an Aontais, agus úsáid á baint as an acmhainneacht áitiúil atá ar fáil. Leis an gcéim seo, déanfar tástáil ar chur chuige áitiúil maidir le rannpháirtíocht an phobail, tacaíocht d’fhiontair shóisialta, agus seirbhísí turasóireachta i ndálaí an fhíorshaoil.
- Céim 3: Ardán Digiteach & Forbairt Feidhmchlár. Leis an gcéim seo, forbrófar uirlisí píolótacha digiteacha chun indéantacht agus ábharthacht ardáin uile-Eorpaigh agus feidhmchláir mhóibíligh a bheidh ann amach anseo a thástáil, a dhearfad chun freastal ar réigiúin uile na hEorpa a bhfuil nasc acu le conairí turasóireachta fadraoin, lena n-áirítear oiliúint maidir le fothú acmhainneachta turais áitiúil.
- Céim 4: Cur chun cinn & Rannpháirtíocht an phobail. Déanfar Gradam de chuid an Aontais a thriail as na conairí turasóireachta fadraoin, as na gníomhaíochtaí agus as na tionscail is fearr chun leathnú an ardáin chuig conairí agus réigiúin fadraoin Eorpacha eile a chur chun cinn.

Is é an rud a dhealaíonn an treoirthionscadal seo ón gcuid eile an fócas uathúil atá aige ar úsáid agus ar forbairt Conairí Turasóireachta Fadraoin mar chatalaigh d’fhorbairt inbhuanaithe agus chuimsitheach na turasóireachta agus d’fheabhas a chur ar cháilíocht na beatha i bpobail, nuálaíocht shóisialta agus malartú cultúrtha. Trí na conairí sin a chomhtháthú i gceat digiteach Eorpach níos leithne atá faoi stiúir an phobail, baineann an tionscadal leas as a n-acmhainneacht neamhshaothraithe chun réigiúin iargúlta a nascadh, geilleagair áitiúla a spreagadh, agus turasóireacht atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de agus inbhuanaithe a chur chun cinn.

Mír PP 07 26 03 — Treoirthionscadal — Dearadh na Meán Sóisialta faoi stiúir na hÓige: Meáin Shóisialta atá Sábháilte, Cuimsitheach agus faoi Úinéireacht Phoiblí

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				1 500 000	750 000			1 500 000	375 000

Barúlacha:

Tá ról ceannasach ag na meáin shóisialta inár sochaí. Is iad ardáin Mhórtitheicneolaíochta amhail Meta, X agus TikTok a chinneann cad atá le feiceáil inár bhfothaí nuachta, is é sin ábhar atá mealltach agus lena mbíonn tú dírithe ar fad ar do scáileán chun fógraí a chur ar fáil, rud a fhágann go bhfuil sé níos brabúsaí dóibh. Mar thoradh air sin, tá ár n-amlínte ag cur thar maol le fuath, mailís, corraí, íomhánna bréagacha coirp, deighilt shóisialta agus bréagaisnéis. Agus é á chur san áireamh gurb iad na meáin shóisialta an fhoinsé nuachta is mó do go leor daoine óga, agus go bhfuil sí ag dul i méid i gcónaí i measc an phobail i gcoitinne, tá roinnt ardán monaplachta ag bagairt ar ár ndaonlathais. Chun freagairt a thabhairt, tá an Coimisiún Eorpach ag obair ar Sciath Eorpach don Daonlathas chun próisis dhaonlathacha agus institiúidí daonlathacha a choimirciú ar bhagairtí seachtracha i dtimpeallacht faisnéise atá ag éirí níos casta. Ag an am céanna, déanann an spleáchas sin ar ardáin Mhórtitheicneolaíochta dochar do shlándáil agus d’iomaíochas na hEorpa.

Déanann dochar na n-ardán meán sóisialta príomhshrutha sin difear díreireach do dhaoine óga mar thoradh ar roghanna dearaidh lena mbaintear úsáid as teicnící andúile agus cúbláil algartamach. Ina chur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte, leagann an tAontas béim ar an bhfíoras go bhfuil daoine óga an-leochaileach i leith tionchair dhiúltacha dhigiteacha. Léirítear i staidéir a rinneadh le déanaí go gcaitheann daoine óga ar an meán 7 n-uair an chloig ar líne agus go mbíonn fadhbanna meabhairshláinte ag duine amháin as gach triúr, amhail inní agus dúlagar, arb iad brú algartamach, bulaíocht ar líne agus easpa príobháideachais is cúis leo nó a dhéantar níos measa iad. Is dóchúla go mbeidh Úsáid Idirlín Fhadhbach i measc daoine óga a bhfuil néara-éagsúlacht acu, go háirithe, rud a fhágann gurb iad is mó atá i mbaol díobhálachais ar líne. Mar sin féin, is minic nach mbíonn aon fhíorghuth ná ionchur ag daoine óga maidir leis an gcaoi a ndéantar na hardáin sin. Trí

pháirt ghníomhach a thabhairt do dhaoine óga i ndearadh na meán sóisialta malartach, is féidir linn tuiscint níos fearr a fháil ar a riachtanais úsáideoirí agus, dá bhrí sin, aghaidh a thabhairt ar na dúshlán sin, rannchuidiú le spásanna níos sábháilte ar líne a mhúnlú, agus an bealach a réiteach d'ardáin dhigiteacha a thugann tús áite i ndáiríre don mheabhairshláinte agus do luachanna daonlathacha.

Le blianta beaga anuas, tá an bhunobair leagtha síos chun seirbhísí digiteacha fíor-riachtanacha a sholáthar inar féidir luachanna poiblí agus uathriail straitéiseach a choimirciú. Leis an Rialachán Eorpach a glacadh le blianta beaga anuas féachtar le srian a chur le cumhacht na Mórtheicneolaíochta agus leis an margadh a oscailt d'iontrálaithe nua. Mar sin féin, ní leor sin ann féin. Tá méadú ag teacht ar an nglao ón bpobal ar roghanna malartacha ar na meáin shóisialta phríomhshrutha le blianta beaga anuas agus le míonna beaga anuas. Trí na roghanna malartacha sin a úsáid, is féidir borradh breise a chur faoin éileamh sin agus tacú le tuiscint níos forleithne nach bhfuil spleáchas na hEorpa ar an Mórtheicneolaíocht dosheachanta agus gur féidir ceannasacht theicneolaíoch a bhaint amach. D'fhéadfadh sé sin ithir thorthúil a chruthú chun roghanna malartacha meánteicneolaíochta Eorpacha a fhorbairt ar féidir leo borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa.

Le 15 bliana anuas, tá roghanna malartacha tagtha chun cinn amhail an Fediverse agus prótacal AT: ardáin dhíláráithe a úsáideann caighdeáin agus prótacail oscailte. Sa Fediverse, ní shocraíonn aon pháirtí aonair ann féin na rialacha; is comhúinéir ar an éiceachóras é gach eagraíocht nó pobal a réachtálann a freastalaí féin (nód). Geallann na hardáin dhíláráithe sin nach mbeidh an t-eispéireas sin chomh eastóscach céanna, go mbeidh siad níos dírithe ar an bpobal agus go mbeidh spásanna meán sóisialta acu a d'fhéadfadh a bheith níos sábháilte agus níos sláintiúla. Tá deiseanna soiléire ann, ach tá dúshlán fós ann maidir le glacadh forleathan a chur chun cinn. Trí na deontais 'fediversity' faoi Idirlíon den Chéad Ghlúin Eile, tá an Coimisiún Eorpach ag tacú go gníomhach le forbairt na Fediverse. Bhí an tacaíocht sin dírithe go dtí seo ar an mbonneagar foluiteach. Is mian leis an treoirthionscadal seo rannchuidiú leis na constaicí éagsúla a shárú agus tacú le feidhmchlár atá dírithe ar an úsáideoir a fhorbairt.

Cuspóir:

Is é is aidhm don treoirthionscadal cruthúnas coincheapa a chruthú agus a thástáil le haghaidh ardán meán sóisialta bunaithe ar Fediverse/Prótacal AT a dhéanann an méid seo a leanas:

1. Ionad meabhairshláinte, atá ceaptha chun éifeachtaí diúltacha síceolaíocha a íoslaghdú agus chun idirghníomhaíochtaí dearfacha a chothú;
2. An neamhspleáchas digiteach a áirithiú trí chur leis an teicneolaíocht eiticíúil atá dírithe ar an duine;
3. Tuiscint níos doimhne a fháil ar riachtanais úsáideoirí trí comhchruthú arna dhéanamh ag daoine óga arb as cúlraí éagsúla dóibh;
4. á mholadh go bhforbrófaí meáin shóisialta mhalartacha bunaithe ar an Fediverse/ar Phrótacal AT i gcomhréir le Rialachán an Aontais trína léiriú a indéanta agus atá sé roghanna malartacha a fhorbairt.

Cur chuige:

1. Beidh an dearadh rannpháirteach faoi stiúir daoine óga, agus tabharfar cuireadh do mhic léinn ó institiúidí oideachais éagsúla agus ó leibhéil éagsúla cur lena dtaithe agus lena saineolas sa dearadh, san ailtireacht, sa phríobháideacht agus sa chibearshlándaíl. Déanfaidh eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta treoir agus tacaíocht a sholáthar.
2. Glacann an t-ardán prótacail oscailte amhail ActivityPub nó Prótacal AT chun comhoiriúnacht le bonneagar Fediverse atá ann cheana a áirithiú chun inscálaitheacht a áirithiú.

3. Forbróidh daoine óga fréamhshamhlacha i seisiúin chomhchruthaithe, faoi threoir saineolaithe ó réimsí na teicneolaíochta, na litearthachta sna meáin, an deartha agus na nuálaíochta sochaíche. Is cuid lárnach den chéim seo é béim a leagan ar ghnéithe a thacaíonn leis an bhfolláine agus leis an meabhairshláinte. Rachfar i gcomhairle le néareolaithe, síceolaithe agus gairmithe cúraim sláinte ábhartha eile;

4. Déanfaidh daoine óga ar fud thíortha éagsúla an Aontais tástáil ar an gCruthúnas Coincheapa, agus béim á leagan ar shábháilteacht, ar sholáimhsitheacht agus ar mheabhairshláinte. Déantar aiseolas a chomhtháthú go leanúnach, lena ndéantar dearadh an ardáin a bheachtú.

5. Déantar na torthaí agus na modheolaíochtaí uile a chomhroinnt go poiblí, rud a chuireann ar chumas daoine eile torthaí an tionscadail a mhacasamhlú nó cur leo.

Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo :

1. Cruthúnas Coincheapa le haghaidh ardán meán sóisialta bunaithe ar Fediverse/Prótacal AT a sheasann le sástacht, folláine agus tairbhí sochaíocha fadtéarmacha na n-úsáideoirí;

2. Tuiscint níos fearr ar riachtanais úsáideoirí daoine óga sna meáin shóisialta atá sábháilte agus cuimsitheach;

3. Cumhachtú na hÓige trí nuálaíocht dhigiteach phraiticiúil agus trí rannpháirtíocht ghníomhach i ndearadh ardán na meán;

4. Moltaí Beartais maidir le spásanna meán sóisialta a mhúnlú, tírdhreach meán sóisialta idir-inoibritheach agus iomaíoch a fhorbairt, tacú leis an meabhairshláinte, agus luachanna daonlathacha a choimirciú.

Mír PP 08 26 01 — Treoirhionscadal — ‘Ag filleadh ar a Dhúchas’: Tionscnaimh maidir le Rochtain ar Bhia agus Daonlathas Bia a Neartú ar fud an Aontais

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				1 500 000	750 000			1 500 000	375 000

Barúlacha:

Mar a luaitear sa ‘Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia’ a chuir an Coimisinéir Hansen i láthair, ‘Tá athrú tagtha ar an gcuidreamh a bhíonn ag tomhaltóirí le bia. Déantar níos mó próiseála ar bhia, tá nósanna itheacháin ag athrú agus tá slabhraí soláthair tar éis éirí níos faide agus níos casta. Ag an am céanna, tá inacmhainneacht bia fós ina hábhar mór inní, go háirithe i gcás teaghlaigh ar ioncam íseal. Cé go bhfuil an nasc idir an fheirmeoireacht, an bia agus an chríoch lagaithe, tá deiseanna don earnáil ag baint le hionchais athraitheacha na sochaí maidir le bia. Dá bhrí sin, tá sé an-tábhachtach filleadh ar na ‘fréamhacha’ agus an nasc idir bia, críoch, séasúracht, cultúir agus traidisiúin áitiúla a athbhunú.’

Chun dul i ngleic leis an dúshlán sin, sainaitnítear sa Tionscadal bearnaí ‘eolais’ agus ‘acmhainneachta’ a mhéid a bhaineann leis an bhféidearthacht do thomhaltóirí (‘iteoirí’) rochtain a fháil ar bhia agus páirt a ghlacadh ina dtimpeallachtaí bia. Is saincheist iad na bearnaí sin a mhéid a bhaineann le hioncam feirmeoirí sa slabhra luacha agrairbhia a fheabhsú trí rochtain ar tháirgí a dhíoltar ar phraghas cothrom a thabhairt do chuid níos leithne den daonra. Dá bhrí sin, moltar sa treoirhionscadal seo cur chuige cuimsitheach le gníomhaíochtaí comhlántacha: fardal d’inrochtaineacht bia ar fud an Aontais, líonra de Chomhairlí um Beartas Bia a chruthú agus Ardán malartaithe a fhorbairt don líonra.

A. Fardal maidir le hInrochtaineacht Bia agus Timpeallachtaí Bia san Aontas Eorpach

Cé go gcuireann an Comhbheartas Talmhaíochta agus scéimeanna eile de chuid an Aontais le hinfhaighteacht agus inacmhainneacht bia san Aontas, tá deacrachtaí fós ag roinnt saoránach rochtain a fháil ar bhia cothaitheach agus sláintiúil. Ní easpa táirgeachta is cúis leis sin, rud atá leordhóthanach ar leibhéal an Aontais, ach ar chúiseanna inacmhainneachta, maidir le ceisteanna a bhaineann le rochtain fhisiciúil agus timpeallachtaí bia.

Faoi láthair, níl aon sonraí comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais ann maidir le hinrochtaineacht fhisiceach bia, agus cumhdaítear leis an staidreamh atá ann cheana inacmhainneacht ar leibhéal na mBallstát den chuid is mó. Fágann sé sin gur deacair éagothromaíochtaí réigiúnacha a shainaithint nó beartais spriocdhírithé a cheapadh chun rochtain ar aistí bia sláintiúla a fheabhsú.

Ós rud é go bhfuil staidéar leanúnach á dhéanamh cheana féin ag AS AGRI ina ndírítear ar inacmhainneacht bia, cuideoidh an Tionscadal seo leis an mbearna eolais maidir le hinrochtaineacht bia a líonadh níos faide ná inacmhainneacht, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Éagothromaíochtaí réigiúnacha maidir le hinrochtaineacht bia a mhapáil, lena n-áirítear rochtain fhisiciúil ar bhia;
2. Uirlisí agus táscairí caighdeánaithe a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar thimpeallachtaí bia agus ar a dtionchar ar rochtain, rud a chomhlánóidh sonraí an Aontais atá ann cheana maidir le hinfhaighteacht agus inacmhainneacht;
3. Béim a leagan ar bhearnaí beartais agus moltaí a mholadh maidir le cur chuige níos láidre ar fud an Aontais i leith inrochtaineacht bia, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha, gan staidéar leanúnach AS AGRI ar inacmhainneacht a dhúbláil.

B. Líonra uile-Aontais de ‘Chomhairlí um Beartas Bia’ Áitiúla a bhunú

Chun rochtain ar bhia a fheabhsú, tá gá le rannpháirtíocht áitiúil agus comhrialachas ar chórais bhia. Aithnítear sa treoirtionscadal seo an ról tábhachtach nach mór do chustaiméirí a imirt san aistriú, trí leas a bhaint ar an leibhéal áitiúil as cumhacht chlaochlaitheach an idirphlé idir na gníomhaithe uile feadh an bhiashlabhra, ó tháirgeoirí go tomhaltóirí (‘iteoirí’). Tá tionscnaimh maidir le daonlathas bia ag teacht chun cinn ar fud na hEorpa, tionscnaimh a mhaoinítear go poiblí, amhail na tionscnaimh sin a cruthaíodh tar éis Chomhshocrú Milano maidir le Beartas Bia Uirbeach, nó ar leibhéal an phobail, amhail cistí áitiúla ag baint triail as Slándáil Shóisialta Bia.

Leis an Tionscadal, cothófar rannpháirtíocht áitiúil i rialachas ar chórais bhia, lena n-áiríteofar gur féidir le saoránaigh tuiscint níos fearr a fháil ar a dtimpeallachtaí bia agus tionchar a imirt orthu, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. ‘Comhairlí um Beartas Bia’ agus tionscnaimh chomhchosúla atá ann cheana a shainaithint agus a mhapáil, measúnú a dhéanamh ar a samhlacha rialachais agus ar a dtionchar ar thimpeallachtaí bia;
2. Tacaíocht airgeadais agus theicniúil a chur ar fáil chun comhairlí áitiúla nua a chruthú i gcás nach ann d’aon chineál comhairlí, lena n-áiríteofar go n-áireofar ar na comhairlí sin páirtithe leasmhara éagsúla, go háirithe ‘iteoirí’ ó theaghlaigh i staid neamhshlándála bia, in éineacht le feirmeoirí agus miondíoltóirí beaga;
3. Ardán digiteach ar leibhéal an Aontais a fhorbairt chun comhar a éascú idir Comhairlí um Beartas Bia/tionscnaimh áitiúla maidir le daonlathas bia, agus lucht ceaptha beartas, lena gcumasófar comhroinnt eolais agus scaipeadh dea-chleachtas ar fud na mBallstát éagsúil.

Airteagal PA 01 26 — 2026

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				3 150 000	1 575 000			3 150 000	787 500

Mír PA 01 26 01 — Gníomhaíocht ullmhúcháin — Gníomhaíochtaí áitiúla a chur chun cinn chun spriocanna domhanda a bhaint amach: léargais áitiúla a ghíaráil le haghaidh chur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar leibhéal fonáisiúnta an Aontais

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				1 800 000	900 000			1 800 000	450 000

Barúlacha:

De réir mar atá spriocdháta Chlár Oibre 2030 ag teannadh linn, is mó ná riamh an gá atá ann dul níos faide ná faireachán agus gníomhaíocht chlaohlaitheach a dhéanamh. Leis an ngníomhaíocht ullmhúcháin (PA) seo, díreofar ar mhapáil agus anailís chórasach na mbeartas, na sásraí rialachais agus na straitéisí a chuirtear chun feidhme chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) a bhaint amach ar an leibhéal fonáisiúnta san Eoraip. Déanfaidh sé iniúchadh ar raidhse sonraí téacsúla ó Athbhreithnithe Áitiúla Deonacha (VLRanna), doiciméid bheartais áitiúla agus réigiúnacha, agus foinsí ábhartha eile chun na gníomhaíochtaí nithiúla agus na creataí bunúsacha beartais agus rialachais atá á n-úsáid ag rialtais áitiúla agus réigiúnacha san Eoraip i gcomhair chur chun feidhme SFInna, a shainnint, a anailísiú agus a aicmiú. Trí mhapáil a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí sin agus ar na cineálacha cur chuige beartais gaolmhara, agus trí léargais a bhaint amach, tá sé d'aidhm ag an PA anailís chuimsitheach a chur ar fáil do lucht ceaptha beartas ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal fonáisiúnta maidir leis na gnéithe sainiúla, na hidirnáise agus na srianta a bhaineann le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus dearadh beartais ar an leibhéal fonáisiúnta.

I gcroílár an PA nua seo tá ardán ar líne a fhorbairt chun éagsúlacht na n-iarrachtaí cur chun feidhme SFInna ar fud na hEorpa a chur ar taispeáint, a anailísiú agus a scaipeadh. Cuirfidh an t-ardán seo an méid seo a leanas ar fáil:

- Stór coimeádaithe de chleachtas inghníomhaithe agus de bhearta beartais, arna n-aicmiú de réir spriocanna, réigiún agus braislí téamacha.
- Uirlisí anailíseacha chun iniúchadh a dhéanamh ar idirnáise idir gníomhaíochtaí agus beartais, lena nochtar conas a d'fhéadfaí an tionchar a mheastar a bheidh ag gníomhaíochtaí aonair a threisiú a thuilleadh trí chuir chuige chomhtháite maidir le ceapadh agus cur chun feidhme beartais.
- Achoimrí beartais ad hoc agus léargais anailíseacha atá bunaithe ar fhianaise chun tacú le hobair lucht ceaptha beartas Eorpach agus fonáisiúnta.

Beidh an PA ag brath ar rannpháirtíocht na rialtas áitiúil agus réigiúnach ar fud Bhallstáit an Aontais, ag dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara ar leibhéal rialachais éagsúla maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe, d'fhonn inscálaitheacht agus inaistritheacht thorthaí an tionscadail a áirithiú.

Is iad seo a leanas na bearta atá beartaithe a ghlacadh chun an PA a chur chun feidhme:

1. Gníomhaíochtaí tuairiscithe maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus bearta beartais agus socruithe rialachais gaolmhara ó Athbhreithnithe Áitiúla Deonacha (VLRanna), straitéisí réigiúnacha agus doiciméid bheartais a bhailiú agus a anailísiú.
2. Creat a fhorbairt chun gníomhaíochtaí agus beartais a aicmiú agus a aicmiú de réir chuspóirí, spriocanna agus réigiúin SFI.

3. Anailís a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar shásraí rialachais chun treochtaí, cleachtais nuálacha agus idirnaise a shainaithint ar fud na réigiún agus SFInna.
4. Anailís ar bhearnaí a dhéanamh chun aird a tharraingt ar réimsí ina bhfuil iarrachtaí breise agus ionstraimí tacaíochta beartais ag teastáil.
5. Ardáin reatha scaipthe, anailíse agus léirshamlaithe sonraí ar líne a leathnú chun teacht ar stór cuimsitheach gníomhaíochtaí agus beartais fhonáisiúnta SFI le harduirí anailíseacha agus léirshamlaithe.
6. Torthaí a bhailíochtú trí chomhairliúcháin le saineolaithe acadúla chomh maith le rialtais áitiúla agus réigiúnacha.
7. Léargas beartais atá bunaithe ar fhianaise a tháirgeadh agus a scaipeadh ar pháirtithe leasmhara ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach (Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún Eorpach agus Coiste na Réigiún).
8. Treochlár a mholadh chun torthaí PA a scálú agus a chomhtháthú i gcreataí beartais inbhuanaitheachta láidre comhleanúnacha ar fud an Aontais, lena n-áirítear moltaí maidir le tionscnaimh reachtacha nó chistiúcháin a bheidh ann amach anseo chun tacú le hiarrachtaí áitiúla cur chun feidhme.

Mír PA 01 26 02 — Gníomhaíocht ullmhúcháin — Modheolaíochtaí Nua chun Measúnú a Dhéanamh ar Neamhionannais

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				1 350 000	675 000			1 350 000	337 500

Barúlacha:

I ndomhan atá ag athrú go tapa, tá cineálacha cur chuige nua, cuimsitheacha agus córasacha de dhíth ar an Aontas chun measúnú a dhéanamh ar neamhionannais eacnamaíocha agus shóisialta ar fud na mBallstát. Cé go bhfuil foinsí sonraí ann cheana maidir le dáileadh rachmais, comhtháthú agus caipiteal sóisialta, tá siad fós ilroinnte, as dáta go minic agus neamhleor chun raon feidhme iomlán an neamhionannais a thuiscint agus chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar beartas áirithe agus ar éifeachtacht na mbeart chun dul i ngleic leis.

Leis an ngníomhaíocht ullmhúcháin ‘Modheolaíochtaí Nua chun Measúnú a Dhéanamh ar Neamhionannais’, dhúnfaí an bhearna sin trí na tacair sonraí agus na scórchláir atá ann cheana a chomhlánú le modhanna nua taighde agus ‘smaoineamh as an nua’ i gceist leo agus sonraí chun measúnú a dhéanamh ar neamhionannais. Áirítear orthu sin cuir chuige ‘Mórshonraí’, agus úsáid á baint as foinsí sonraí malartacha (e.g. sonraí téacs, sonraí riaracháin) agus teicnící amhail: ardsamhaltú le gníomhairí ilchineálacha, Próiseáil Teanga Nádúrtha (PTN), teicnící eacnaiméadracha neamhlíneacha (e.g. Líonraí Néaracha Bayes) nó Samhlacha Trasfhoirmitheora chun léargais láidre, chomhsheasmhacha agus fíor-ama a sholáthar ar ghnéithe éagsúla an neamhionannais. Leis an gcur chuige fianaisebhunaithe sin ina n-úsáidtear creataí anailíseacha úrscothacha, thabharfaí de chumhacht don Aontas agus dá Bhallstáit beartais níos spriocdhírithé agus níos éifeachtaí a fhorbairt agus an gá atá le beartais nua a réamh-mheas, agus aghaidh á tabhairt ar neamhionannais eacnamaíocha agus shóisialta ar bhealach iomlánaíoch.

Bheadh ról lárnach ag an ngníomhaíocht ullmhúcháin (PA) freisin maidir le comhtháthú sóisialta a fheabhsú. Trí chineálacha cur chuige a thástáil a d’fhéadfadh gnéithe infheicthe agus folaithe neamhionannais a nochtadh, rannchuideodh sé le sainaithint níos fearr a dhéanamh ar na grúpaí is mó atá i mbaol a bheith fágtha ar lár, agus ar an gcaoi sin idirghabhálacha réamhghníomhacha a chumasú, chun a áirithiú nach n-eisiafar aon duine ó thairbhí bheartais an Aontais.

Ina theannta sin, bhunódh sé bunús staidrimh chun caipiteal sóisialta a thomhas, trí shonraí éagsúla a chomhcheangal le teicnící anailiseacha nua, as a dtiocfadh measúnuithe níos beachte ar chomhtháthú sóisialta ar fud na hEorpa. Agus an méid sin á dhéanamh aige, rannchuideodh sé le dáileadh níos cothroime deiseanna agus torthaí, rud a chothódh aontacht níos mó agus a laghdódh an fhéidearthacht go dtarlódh an ilroinnt shóisialta.

Ar deireadh, d'éascódh an PA comhar trasteorann agus úsáid nua lena mbaineann 'smaoineamh as an nua' sonraí trí úsáid a bhaint as teicnící Meaisínfhoghlama agus an Intleacht Shaorga, lena gcuirfí ardán ar fáil do na Ballstáit, d'institiúidí taighde agus don tsochaí shibhialta chun eolas ceannródaíoch, dea-chleachtais agus samhlacha nua rathúla beartais a chomhroinnt. Leis an iarracht chomhoibríoch sin, chuideofaí le beartais náisiúnta agus beartais an Aontais a ailíniú, lena n-áiritheofaí go rachfaí i ngleic go cuimsitheach le neamhionannais, le freagairtí comhordaithe ar fud na réigiún agus na n-earnálacha.

San fhadtárma, tá sé rithábhachtach go mbeadh na hionstraimí cearta ann chun aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas d'inhuanaitheacht shamhail shóisialta an Aontais. Is féidir le héagobhsaíocht shóisialta, arb é an neamhionannas is cúis léi, muintín an phobail a chreimeadh, polarú a spreagadh, agus an bonn a bhaint de luachanna daonlathacha. Chuideodh an PA leis na rioscaí sin a mhaolú freisin, trí úsáid a bhaint as sonraí agus teicnící nua chun cineálacha nua neamhionannais a shainaithint ar an leibhéal áitiúil a eascraíonn as e.g. nochtadh éagsúil do ghuaiseacha comhshaoil agus don athrú aeráide, dídhaonrú agus tionchar an digitithe. Tacóidh sé sin le lucht ceaptha beartas réitigh thráthúla éifeachtacha a chur chun feidhme, lena n-áiritheofar Aontas Eorpach níos cuimsithí agus níos athléimní don todhchaí.

Mar fhocal scoir, tá sé rithábhachtach go mbunófaí PA 'Modheolaíochtaí Nua chun Measúnú a Dhéanamh ar Neamhionannais' chun comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn ar fud an Aontais. Sholáthródh sé an bonn fianaise is gá le haghaidh ceapadh beartas eolasach, chothófaí comhar níos fearr i measc na mBallstát, agus d'áiritheofaí go leanfadh an tAontas de bheith ina cheannródaí agus ina cheannaire domhanda maidir le haghaidh a thabhairt ar an neamhionannas. Trí bhéim lárnach a leagan ar an neamhionannas i mbeartas an Aontais, rannchuideodh PA le todhchaí níos cuimsithí, níos córa agus níos inhuanaithe a thógáil do gach Eorpach.

Airteagal PA 02 26 — 2026

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				4 000 000	2 000 000			4 000 000	1 000 000

Mír PA 02 26 01 — Gníomhaíocht ullmhúcháin — Mol an Aontais um Tháirgeadh Breoslaí Eitlíochta Inbhuanaithe (SAF)

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				4 000 000	2 000 000			4 000 000	1 000 000

Barúlacha:

Cuspóir:

Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar choincheap Mhol neamhspleách an Aontais maidir le Táirgeadh Breoslaí Eitlíochta Inbhuanaithe (SAF) agus é a bhailíochtú ar deireadh chun cumas Eorpach aonair neamhspleách a sholáthar lena dtacófar le breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a theacht isteach sa mhargadh i gcomhréir le rialacha agus caighdeáin inbhuanaitheachta agus sábháilteachta agus deireadh a chur le bacainní teicniúla ar úsáid mhéadaithe SAF, agus béim ar leith á leagan ar thacaíocht a thabhairt do FBManna Eorpacha.

Ba cheart do Mhol an Aontais um Tháirgeadh Breoslaí Eitlíochta Inbhuanaithe gníomhú mar bheart tionlacain lenar féidir tacú go teicniúil le comhlíonadh shainordú uailmhianach ‘ReFuelEU Aviation’ gan a bheith ag brath ar thosca agus ar ghníomhaithe seachtracha nach de chuid an Aontais iad. Áiríteofar leis nuálaíocht agus príomhiomaíochas do FBManna, d’fhorbróirí teicneolaíochta, do tháirgeoirí breosla.

Cúlra agus Réasúnaíocht:

Tá Breoslaí Eitlíochta Inbhuanaithe (SAF) tábhachtach chun lorg carbóin earnáil na heitlíochta a laghdú. Mar sin féin, cuireann an próiseas casta forbartha agus na bacainní teicniúla teorainn le glacadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe ar mhórsála. Faoi láthair, ní mór do tháirgeoirí breosla dul i ngleic le nósanna imeachta éagsúla agus ilroinnte agus ceanglais inbhuanaitheachta agus sábháilteachta, rud a chruthaíonn neamhéifeachtúlachtaí agus moilleanna maidir le breoslaí eitlíochta inbhuanaithe na hEorpa a chur ar an margadh.

Faoi láthair, is sna Stáit Aontaithe a dhéantar na príomhchláir thaighde agus chaighdeánaithe maidir le breoslaí nua a thabhairt isteach sa mhargadh. Cruthaítear leis an socrú sin dúshláin shuntasacha do pháirtithe leasmhara Eorpacha, go háirithe FBManna, mar gheall ar an gcastacht, an costas agus na bacainní geografacha a bhaineann le rochtain a fháil ar na próisis sin. Tá deacracht ar leith ag FBManna Eorpacha na ceanglais chasta theicniúla agus rialála a chomhlíonadh gan tacaíocht logánta.

Raon feidhme an Tionscadail:

1. An creat oibríochtúil, an struchtúr rialachais agus an raon feidhme a shainiú le haghaidh Mol AE le haghaidh Táirgeadh SAF atá neamhthuilleamaíoch ó thaobh airgeadais de. Dea-chleachtais ó phróisis agus ó chaighdeán idirnáisiúnta atá ann cheana a shainaithint agus anailís a dhéanamh orthu. Cláir thaighde agus acmhainní teicniúla an Aontais atá ann cheana a mhapáil chun tacú le forbairt an Mhoil. Measúnú a dhéanamh ar na riachtanais agus na dúshláin shonracha atá os comhair FBManna Eorpacha agus iad ag dul i ngleic le próisis maidir le cineálacha nua breoslaí ag teacht isteach sa mhargadh.

2. Creat píolótach a dhearadh chun samhail an Mhoil neamhthuilleamaíoch a bhailíochtú trí chás-staidéir ar an bhfíorshaol le táirgeoirí SAF. Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara tionscail, lena n-áirítear táirgeoirí breosla, comhlachtaí taighde agus deimhniúcháin, agus gníomhaireachtaí rialála, chun ceanglais airgeadais, theicniúla agus oibríochtúla a bhailíochtú. Béim ar leith a áirithiú ar chonairí inrochtana SAF agus treoraíocht theicniúil a chur ar fáil do FBManna.

3. Treoirínte teicniúla agus sraitheanna uirlisí teicniúla a chruthú do tháirgeoirí SAF chun cuíchóiriú a dhéanamh ar chomhlíonadh caighdeán sábháilteachta agus inbhuanaitheachta agus rialacha maidir le cineálacha nua breoslaí a theacht isteach sa mhargadh. Bonn eolais cuimsitheach a fhorbairt maidir le conairí cáilíochta SAF, sonraíochtaí teicniúla agus creataí rialála. Acmhainní tiomnaithe agus treoraíocht shaincheaptha a chur ar fáil chun cabhrú le FBManna ceanglais a chomhlíonadh.

4. I measc na dtáirgí insoláthartha:

- Creat oibríochtúil agus samhail rialachais le haghaidh Mol AE le haghaidh táirgeadh SAF atá neamhthuilleamaíoch ó thaobh airgeadais de.
- Tuarascáil a thabhairt ar bhacainní agus ar réitigh atá beartaithe a bhaineann le cineálacha nua SAF a thabhairt chuig an margadh, agus béim á leagan ar dhúshláin a bhaineann go sonrach le FBManna.
- Sraith uirlisí agus treoirínte cuimsitheacha do tháirgeoirí SAF, lena n-áirítear tacaíocht shaincheaptha do FBManna.

5. Sa bhreis ar an méid thuas, má thugtar an tionscadal chun críche go rathúil, beidh an méid seo a leanas mar thoradh air:

- Éagsúlacht breosla fheabhsaithe: agus conairí táirgthe SAF cáilithe breise, bhainfeadh tionscal SAF na hEorpa tairbhe as raon níos éagsúla bunábhar agus teicneolaíochtaí, lena n-áiríteofaí athléimneacht i gcoinne suaití.
- Torthaí táirgthe breosla feabhsaithe: chuideodh gníomhaíochtaí taighde breise le táirgeoirí breosla a dtorthaí táirgthe a bharrfheabhsú le haghaidh úsáid spriocdhírthe breoslaí eitlíochta inbhuanaithe san eitlíocht. Beidh tairbhe fhadtéarmach ag baint le costais bhreosla laghdaithe d'oibreoirí mar thoradh air sin.
- Cumais T&F faoi Bhorradh: bheadh méadú ar an nuálaíocht mar thoradh ar bhonneagar treisithe T&F breosla na hEorpa, rud a fhágfaidh go bhféadfaí an Eoraip a shuí mar cheannaire domhanda i dtaighde agus i dteicneolaíocht SAF.

— Conairí nua SAF déanta san Aontas: teicneolaíochtaí nua SAF a aithnítear go hidirnáisiúnta a dheartar agus a tháirgtear san Aontas, rud a réitíonn an bealach do neamhspleáchas na hEorpa trí éiceachóras bríomhar forbróirí agus táirgeoirí teicneolaíochta SAF. Áirítear leis sin tagarthástáil rathúil ar scála ar chonair nua SAF ‘Déanta san Aontas’ amháin ar a laghad.

Mír PA 04 24 02 — Réamhbheart — Críochfoirt nuálacha úsáideoirí le haghaidh na seirbhíse cumarsáide satailíte sláine Eorpaí

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
p.m.	2 000 000	p.m.	2 000 000	30 000 000	17 000 000	p.m.	2 000 000	30 000 000	9 500 000

Barúlacha:

Tá sé beartaithe leis an leithreasú seo go gcumhdófar gealltanais atá fós le glanadh ó bhlianta roimhe seo faoin réamhbheart.

Tá sé beartaithe leis an mbeart sin go mbeifear in ann na seirbhísí um nascacht shlán sa spás arna soláthar ag IRIS² agus GOVSATCOM a ghlacadh go tráthúil, agus an bhearna i gcumas tionsclaíoch an Aontais a líonadh chun teirminéil úsáideoirí satailíte ardfheidhmíochta, saor agus slán a fhorbairt.

Tá bearta á gcur chun feidhme ag an Aontas faoi láthair chun nascacht shlán a sholáthar do rialtais agus do shaoránaigh trí shatailít, trí chlár an Aontais um nascacht shlán (IRIS²) agus trí chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais. Beidh na seirbhísí sin bunaithe ar ghlúin nua de shatailítí úrscothacha, ag baint úsáide as fithisí, minicíochtaí agus tréithe comharthaíochta nár bhain gníomhaithe tionscail na hEorpa úsáid astu go fóill. Dá bhrí sin, tá úsáid éifeachtach seirbhísí den sórt sin ag brath ar theirminéil úsáideoirí agus glacadóirí atá comhoiriúnach leis na saintréithe sin a bheith ar fáil go pras. Tá tábhacht ar leith ag baint le teirminéil agus glacadóirí den sórt sin le haghaidh na seirbhíse SatCom atá ag teacht chun cinn, agus cumais talún agus SatCom á gcur le chéile go rianúil, mar shampla san earnáil mótarfheithiclí.

Dá bhrí sin, is é is cuspóir don réamhbheart seo an staid a chur ar fáil do thionscal iomaíoch chun teirminéil a fhorbairt ar féidir iad a thráchtáil le hiarracht bhreise íosta, lena gcumasófar táirgeadh agus dul i bhfód sa mhargadh agus caighdeáin oscailte a úsáid.

Go háirithe, tacóidh an beart le cuideachtaí aibíocht a bhaint amach agus plean gnó láidir a bheith acu chun teirminéil úsáideoirí satailíte ardfheidhmíochta, saora agus slána a chur ar fáil. Bheadh na teirminéil sin in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- córais iomadúla agus fithisí a chomhtháthú, lena n-áirítear satailítí neamh-gheochobhsaí in LEO agus b'fhéidir MEO;

- ise na minicíochtaí IRIS² (lena n-áirítear Ka-gov);
- a oireann do sheirbhísí tráchtála agus rialtais araon arna soláthar ag IRIS²;
- líonraí talún, caighdeán 5G agus feidhmchláir IoT, b'fhéidir, a chomhtháthú;
- foráil a dhéanam do réitigh ó cheann go ceann
- glacadh le gnéithe slán IRIS² go léir.

Má éiríonn leis sa chéad bhliain, ba cheart an réamhbheart a chur chun feidhme trí chur chuige incriminteach le haghaidh glaonna iomaíocha i dt trí chéim:

- 2024: EUR 5M ar chéim an chruthúnais choincheapa agus ar chéim forbartha cásanna gnó;
- 2025: EUR 25 milliún ar fhorbairt teicneolaíochta do chéim na fréamhshamhla & na cáilíochta;
- 2026: EUR 30 milliún ar thionsclaíocht agus fréamhshamhaltú tráchtála.

Is iad tionscal iartheachtach an Aontais tairbhíthe na gníomhaíochta, lena n-áirítear gníomhaithe spáis nua amhail FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta.

Tugann spleáchais chriticiúla an Aontais sna teicneolaíochtaí sin — atá fíor-riachtanach chun cumarsáid fhórsaí armtha agus institiúidí rialtais na hEorpa a dhaingniú — údar maith leis an méid a leithdháiltear ar an ngníomhaíocht ullmhúcháin seo. Áirithítear leis na glaonna trí chéim turas infheistíochta comhleanúnach agus éifeachtach chun cuspóirí na gníomhaíochta a bhaint amach.

Airteagal PA 04 26 — 2026

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				7 000 000	3 500 000			7 000 000	1 750 000

Mír PA 04 26 01 — Gníomhaíocht ullmhúcháin — Tionscnamh Spásfoirt Comhtháite an Aontais (EISI)

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				5 000 000	2 500 000			5 000 000	1 250 000

Barúlacha:

Aithníonn an tAontas Eorpach an tábhacht straitéiseach a bhaineann le rochtain uathrialach ar an spás. Is réamhriachtanas é d'uathriaíl straitéiseach an Aontais agus is gné fhíor-riachtanach é de bheartas spáis an Aontais. Ag dul níos faide ná lainseálaithe, is comhpháirteanna criticiúla don Aontas iad an chuid ar talamh agus go háirithe spásfoirt, ós rud é nach mór cuid de thionscnaimh shuaitheanta an Aontais (Galileo, IRIS²) a lainseáil ó chríoch an Aontais. Ag an am céanna, le héagsúlú lainseálaithe, agus réitigh nua ag teacht chun cinn, cuirtear ceist maidir le rochtain ar spásfoirt san Aontas.

Le gníomhaíocht ullmhúcháin, ba cheart measúnú cuimsitheach a sholáthar ar ionstraimí nua de chuid an Aontais a bhfuil gá leo agus ar an rannchuidiú a d'fhéadfadh a bheith acu le forbairt spásfoirt san Aontas, coincheapa a fhorbairt le haghaidh raon leathnaithe spásfoirt de chuid an Aontais, lena n-áirítear staidéir theicniúla agus dheartha, comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, agus anailís ar dheachleachtais, agus tacaíocht airgeadais spriocdhírithithe a chur ar fáil chun rochtain a oscailt ar spásfoirt an Aontais, faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn, agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht ghníomhaíocht an Aontais agus ar an gcaoi sin idirghabháil níos mó ón Aontas a mheas sa réimse sin amach anseo.

Mír PA 04 26 02 — Gníomhaíocht ullmhúcháin — Ardán an Aontais um Chomhordú Spástráhta

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				2 000 000	1 000 000			2 000 000	500 000

Barúlacha:

Leis an méadú easpóntaíúil ar shatailítí gníomhacha, lena n-áirítear meigea-bhuíonta, méadaítear an baol go dtarlóidh imbhuailtí fithiseacha agus tá gá le sásraí comhordúcháin níos láidre. Moltar sa ghníomhaíocht ullmhúcháin seo Ardán de chuid an Aontais um Chomhordú Spástráhta a fhorbairt, arb é is aidhm dó comhordú idir oibreoirí satailíte, eintitis phoiblí agus soláthraithe tráchtála SSA a struchtúrú, a dhaingniú agus a leathnú. Cuirfidh sé leis na seirbhísí atá ann cheana a forbraíodh faoi chreat an Aontais um Fhaireachas agus Rianú Spáis (AE-SST).

Cuspóirí

Le hArdán an Aontais um Chomhordú Spástráhta, déanfar an méid seo a leanas:

- Comhordú a leathnú níos faide ná comhaltaí AE-SST trí bhailiú agus próiseáil príomhfhaisnéise a chumasú, lena n-áirítear sonraí teagmhála agus sonraí maidir le hainliú, ó ghníomhaithe neamhchláraithe nó idirnáisiúnta.
- Malartú slán faisnéise fíor-ama a éascú, lena n-áirítear idir-inoibritheacht idir leibhéal éagsúla uathoibrithe, ó chomhordú láimhe go seachaint imbhuailte uathoibrithe.
- Oiliúint agus fothú acmhainneachta a threisiú d’údarais agus d’oibreoirí náisiúnta, ag tacú le hullmhacht oibríochtúil agus comhchuibhiú cleachtas ar fud na mBallstát.
- Tacú le sásraí deimhniúcháin le haghaidh seirbhísí tráchtála SSA, chun iontaofacht, iontaoibh agus cuntasacht a áirithiú i dtimpeallacht mheasctha phríobháideach phoiblí.
- Truailliú sonraí a chosc, trí bhearta teicniúla a chur chun feidhme lena seiceáiltear sonraí ionghafa agus lena mbraitear neamhréireachtaí.
- Rannchuidiú le comhleanúnachas dé-úsáide, i gcomhréir le Bealach 1 de Theachtaireacht STM, lena bhfuiltear ag súil go saineofar ceanglais sibhialta-mhíleata maidir le STM.
- Rialacha an bhóthair a thástáil: seiceáil a dhéanamh ar chur chun feidhme féideartha dhréachtrialacha an bhóthair a forbraíodh trí phróiseas caighdeánaithe CEN.

Raon feidhme agus Cur chun feidhme

Leis an ngníomhaíocht, bunófar ardán comhordúcháin a d’fhéadfaí a óstáil laistigh d’ailtireacht soláthair seirbhíse AE-SST atá ann cheana agus an nasc le hÚsáideoirí tríd an deasc thosaigh (EUSPA). Leis sin, tabharfar tús áite don chomhtháthú rianúil agus seachnófar dúbláil leis na córais atá ann cheana.

I measc na gcásanna úsáide tá:

- Comhordú idir úsáideoirí cláraithe AE-SST agus oibreoirí satailíte neamhchláraithe (poiblí, tráchtála agus, b’fhéidir, míleata).
- Sonraí ó eintitis nach eintitis AE-SST iad a ionghabháil.
- Sláine sonraí a fhíorú agus a bhailíochtú roimh úsáid.
- Cleachtaí a chur ar bun chun oibreoirí satailítí agus Lárionaid Oibríochtúla a ullmhú chun na sásraí comhordúcháin a úsáid, lena n-áirítear cleachtaí fíor-ama ag an gcéim níos déanaí.
- Malartú le páirtithe leasmhara míleata chun torthaí na gceanglas sibhialta-míleata a forbraíodh i bhfoghrúpa 1 de Theachtaireacht STM a thástáil.

- Bosca gainimh a chur chun feidhme chun measúnú a dhéanamh ar dhréachtrialacha an bhóthair atá á fhorbairt faoi láthair laistigh de thionscadal CEN.

Céimeanna Cur chun feidhme

- Rannpháirtíocht agus Múscailt Feasachta: Riachtanais agus ionchais Bhallstáit an Aontais, oibreoirí tráchtála, agus soláthraithe SSA (poiblí agus príobháideacha), lena n-áirítear páirtithe leasmhara míleata, a shainaithe.
- An tArdán a dhearadh, a fhorbairt agus a thástáil: an córas a fhorbairt chun malartú faisnéise a áirithiú, lena n-áirítear comhéadain úsáideora, agus sásraí comhordúcháin agus an idir-inoibritheacht is gá le córais eile.
- Oiliúint & Fothú Acmhainneachta: Cláir oiliúna agus uirlisí praiticiúla a fhorbairt chun tacú le húdarais agus le hoibreoirí cleachtais chomhordaithe STM a chur chun feidhme.
- Bearta Sláine Sonraí agus creat deimhniúcháin: Neamhréireachtaí a bhrath agus anailís a dhéanamh ar na córais éagsúla a úsáideann na páirtithe leasmhara, agus forbairt próisis deimhniúcháin ar leibhéal an Aontais le haghaidh SSA a chur chun cinn, go háirithe do sholáthraithe tráchtála.
- Forbairt cásanna tástála: rialacha an bhóthair a chur i bhfeidhm maidir le cásanna nithiúla agus anailís a dhéanamh ar na torthaí.

Torthaí a bhFuiltear ag Súil Leo agus Fís Fhadtéarmach

- Ardán de chuid an Aontais atá slán agus inscálaithe le haghaidh comhordú spástrácha, atá nasctha go hoibríochtúil le bonneagar SST an Aontais.
- Sábháilteacht agus trédhearcacht mhéadaithe in oibríochtaí fithiseacha, lena n-áirítear do ghníomhaithe neamh-AE agus do ghníomhaithe tráchtála. Athléimneacht agus uathriail Eorpach níos fearr in oibríochtaí spáis, i gcomhréir le spriocanna straitéiseacha an Aontais.
- Muinín agus cuntasacht threisithe trí shásraí deimhniúcháin agus sláine sonraí.
- Céim chun cinn i dtreo chur chun feidhme Gníomh AE um Spás amach anseo.

Mír PA 07 25 03 — Réamhbheart — Mol Oidhreacht Eorpach chun tacú le beart leantach iomlánaíoch agus cost-éifeachtach ar Bhliain Eorpach na hOidhreacht Cultúrtha

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
p.m.	800 000	p.m.	800 000	1 000 000	1 300 000	p.m.	800 000	1 000 000	1 050 000

Airteagal PA 07 26 — 2026

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				2 000 000	1 000 000			2 000 000	500 000

Mír PA 07 26 01 — Gníomhaíocht ullmhúcháin — Tacaíocht Spóirt — gníomhaíochtaí éigeandála spóirt don óige

Dréachtbhuiséad 2026		Seasamh na Comhairle 2026		Seasamh PE 2026		Dréachtbhuiséad Athbhreithnithe 2026		Idir-réiteach 2026	
Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí	Gealltanais	Íocaíochtaí
				2 000 000	1 000 000			2 000 000	500 000

Barúlacha:

Ag tógáil ar an treoirthionscadal rathúil a bhí ann roimhe seo, is é is aidhm don ghníomhaíocht ullmhúcháin seo leanúint de chláir éigeandála spóirt i gcomhthéacs géarchéimeanna daonnúla amhail

cogadh chun sárú trámaí a éascú, oiriúnú do thimpeallachtaí nua agus naisc a chruthú leis na pobail óstacha shealadacha.

Trí ghníomhaíochtaí agus idirghabhálacha spóirt, díreoidh an ghníomhaíocht ullmhúcháin seo ar lánpháirtiú pobail leanaí agus daoine óga a spreagadh. Trí fheabhas a chur ar a ndea-bhail mheabhrach trí fhreastal ar sheisiúin spóirt, beidh na daoine aonair sin réidh le dul in oiriúint dá dtimpeallacht nua. Cuideoidh an spórt, a bhfuil sé de chumhacht aige daoine a thabhairt le chéile, leis an idirghníomhaíocht leis an bpobal óstach, le comhtháthú níos éasca sa chóras oideachais nó le dul isteach i margadh an tsaothair.

Chun na torthaí is fearr a bhaint amach, ba cheart na cláir sin a eagrú ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal an phobail. Ní mór gníomhaíochtaí, cluichí agus spóirt a dhearadh chun spriocanna sonracha sóisialta agus síceasóisialta a chomhlíonadh. Ní mór dóibh a bheith oiriúnach d'aois, oiriúnach ó thaobh cultúir de agus ní mór breithniú orthu ó thaobh róil na hinscne sa phobal. Trí fhorbairt a dhéanamh ar chumais fhisiceacha atá ag na rannpháirtithe cheana féin, beidh ann do chóitseálaithe, a mbeidh taithí acu, a chuideoidh leo a bheith ar a gcompord trí spreagadh a thabhairt dóibh scileanna atá ar eolas acu cheana féin a úsáid.

Dá bhrí sin, bheadh gá le comhar idir eagraíochtaí spóirt agus ionaid shóisialta/síceolaíocha.

Is é an príomhghrúpa a ndíreofar orthu leanaí agus daoine óga a bhuailtear ag géarchéimeanna daonnúla agus ag próisis ollimirce i gcomhthéacs cogaidh. Ghinfeadh an treoirhionscadal seo cuimsiú sa spás poiblí agus chuirfeadh sé malartú cultúr agus traidisiún grúpaí eitneacha éagsúla chun cinn.

Chun an éifeachtacht is airde is féidir a bhaint amach, ba cheart na cláir sin a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil, gan ach tír amháin de chuid an Aontais a bheith páirteach iontu, rud nach féidir a dhéanamh faoi ghníomhaíochtaí Spóirt Erasmus+ atá ann faoi láthair.